An tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta:

# Tuarascáil Bhliantúil

2024

Is Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.
Uimhir Chláraithe na Cuideachta: 730718

An tIonad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta
*ag Doiciméadú Fiadhúlra na hÉireann*

# Clár ábhair

Teachtaireacht ón gCathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ..... 1

Buaicphointí le linn 2024 ..... 3

Chuspóir agus Gníomhaíochtaí na hEagraíochta ..... 4

Éachtaí agus Feidhmíocht le linn 2024 ..... 7

Struchtúr, Rialachas agus Bainistíocht ..... 26

Struchtúr eagraíochta ..... 30

Aguisín 1 - Ráitis Airgeadais Iniúchta ..... 34

# TEACHTAIREACHT ÓN gCathaoirleach



*Thar ceann Bhord agus fhoireann an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta CLG, tá áthas orm tuarascáil bhliantúil 2024 an Ionaid a chur i láthair*

Ba bhliain shuntasach í 2024 don NBDC, inar foilsíodh ár gCéad Phlean Straitéiseach i mí Feabhra ónár mbunú mar chuideachta i mí na Nollag 2022 agus ina raibh fás suntasach inár bhfoireann chun sinn a chur i riocht chun dul chun cinn luath a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean. Agus é bunaithe go mór ar an sainordú atá leagtha amach inár mBunreacht, agus ag cur san áireamh an t-ionchur ó chomhairliúchán inmheánach agus seachtrach, leagtar amach inár bPlean Straitéiseach ár bhfís, ár misean agus ár luachanna agus clár oibre atá le tabhairt ar aghaidh thar na cúig bliana ó 2024 go 2028, atá struchtúrtha thart ar 6 Chuspóir Straitéiseacha. Faoi dheireadh na bliana, mar atá leagtha amach sa tuarascáil seo, bhí dul chun cinn an-suntasach déanta againn maidir leis na spriocanna a dhíríomar orthu don chéad bhliain de chur i bhfeidhm an Phlean a chur i gcrích agus bhí acmhainní breise suntasacha daingnithe againn don bhliain 2025 a chuirfeadh i riocht den scoth sinn chun dul ó neart go neart amach anseo.

Bhí roinnt athruithe againn ar bhallraíocht ár mBoird le linn 2024. D'éirigh Ted Massey as a phost mar Stiúrthóir mar gheall ar athrú ar a ról sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus tháinig a chomhghleacaí, an Dr. Tom Medlycott ina áit. Ina theannta sin, tháinig Geraldine Tallon, a raibh ról ríthábhachtach aici in aistriú an NBDC ó chlár maoinithe go cuideachta neamhspleách chuig deireadh a téarma 2 bhliain mar Stiúrthóir i mí na Nollag agus líonadh a post ar an mBord go luath sa bhliain 2025 nuair a ceapadh an tOllamh Willie Donnelly. Táimid fíorbhuíoch de Geraldine agus Ted araon as ucht a gcuid seirbhíse ar an mBord le linn blianta tosaigh na cuideachta agus táimid ag tnúth le bheith ag obair le Tom agus Willie sna blianta amach romhainn.

Ba phríomhábhar imní dúinn agus ár bPlean Straitéiseach á cheapadh againn a chinntiú go bhfuil obair an Ionaid ag teacht le beartas an Rialtais agus go bhféadann sé na sonraí ardchaighdeáin, iontaofa agus tráthúla ar a bhfuil ceapadh agus cur i bhfeidhm beartais láidir ag brath. Agus aitheantas á thabhairt againn don mhéid sin, leanamar de bheith ag fáil tacaíochta láidir le linn 2024 ón iar-Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien, agus ón iar-Aire Stáit ar a bhfuil freagracht as Oidhreacht, Malcolm Noonan. Guímid gach rath orthu beirt ina róil nua agus táimid ag tnúth le bheith ag obair go dlúth sna míonna amach romhainn lena gcomharbaí, an tAire James Browne agus an tAire Stáit Christopher O'Sullivan, a ceapadh go luath sa bhliain 2025.

Táimid thar a bheith buíoch as an gcaidreamh oibre tairbheach leanúnach atá againn le Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus leis an gComhairle Oidhreachta freisin a raibh an chéad líne mhaoirseachta ar an NBDC tairmligthe chuici ag an NPWS. Chomh maith leis an gcroímhaoiniú a fhaighimid ón NPWS tríd an gComhairle Oidhreachta, nach mbeimis in ann feidhmiú gan é, faighimid maoiniú freisin ó roinnt eagraíochtaí eile chun tionscadail a chur i gcrích; tacaíonn an maoiniú tionscadal-sonrach seo le gné shuntasach de ghníomhaíochtaí an Ionaid agus leanfaimid orainn ag cothú ár gcaidreamh leis na maoinitheoirí sin sna blianta amach romhainn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord a thugann a gcuid ama agus saineolais chomh flaithiúil sin agus iad i gceannas ar obair an Ionaid agus lenár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Dr. Liam Mac Giolla Iasachta, agus leis an bhfoireann thar a bheith díograiseach a oibríonn chomh dian sin chun fís an Ionaid a bhaint amach, is í sin, "Éire ina bhfuil tuiscint agus meas ar an mbithéagsúlacht, agus ina mbíonn cinntí a mbíonn tionchar acu ar bhithéagsúlacht bunaithe ar fhianaise agus ar eolas". Gan amhras, tá bealach fada le dul fós chun ár bPlean Straitéiseach 2024 – 2028 a chur i gcrích go hiomlán, ach tugann an dul chun cinn atá déanta againn sa chéad bhliain den chur i bhfeidhm muinín láidir inár dtiomantas agus ár gcumas an t-aistear atá romhainn a chur i gcrích.



Cathaoirleach

TEACHTAIREACHT ÓN

# Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



*Tús nua a bhí i 2024 don Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta*

Ó bunaíodh í mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta i mí na Nollag 2022, bhain cuid mhór de 2023 le cinntiú go raibh na beartais agus na nósanna imeachta riachtanacha don CTR i bhfeidhm, rud a chinntigh go rabhamar in ann dul i mbun oibre láithreach sa bhliain 2024. Go luath sa bhliain, d'fhoilsíomar ár bPlean Straitéiseach cúig bliana nua 2024-2028 ina cuirtear i láthair an creat timpeall ar a mbeadh ár gcuspóirí agus ár bpríomhchlár oibre struchtúrtha. Aithnítear ceithre chuspóir ann atá dírithe ar shonraí agus ar fhaisnéis bithéagsúlachta, is iad sin, feabhas a chur ar eolas faoi bhithéagsúlacht na hÉireann, cuidiú le gníomhartha fianaisebhunaithe níos fearr chun bithéagsúlacht a chaomhnú agus a athchóiriú, úsáid sonraí a chur chun cinn don eolaíocht agus cinnteoireacht, agus an líonra eolaíochta saoránach agus an líonra taighde a neartú. Sa chúigiú cuspóir, aithnítear an gá atá le cumarsáid a fheabhsú maidir le bithéagsúlacht, agus sa séú cuspóir, aithnítear an gá atá le hIonad nuálach, sofhreagrúil agus cuntasach a fhorbairt chun go mbeimid in ann na cuspóirí eile a bhaint amach.

Níl ach bliain amháin imithe maidir lenár bPlean Straitéiseach a chur i gcrích ach tá neart dul chun cinn le tuairisciú againn cheana féin. Tharla fás eagraíochtúil suntasach agus líon na foirne ag fás ó 12 go 21. Bhain an príomhréimse fáis le hAonad um Speicis Ionracha a bhunú chun ár gcumas maidir le speicis ionracha a fhorbairt agus chun Tionscnamh um Speicis Ionracha agus Bithshlándáil an Oileáin Chomhroinnte a bhainistiú. Ba bhuaicphointe ar leith le linn na bliana é an chéad Fhóram um Speicis Ionracha a eagrú chun fóram náisiúnta a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara chun teacht le chéile agus saincheisteanna tábhachtacha a phlé. Leanadh leis an dul chun cinn mór a bhí le tuairisciú maidir le cur i bhfeidhm Plean Uile- Éireann um Pailneoirí 2021-2025, ós rud é go bhfuil na 42 Comhairle ar fud an oileáin tar éis dul i gcomhpháirtíocht go foirmiúil leis an bPlean anois, agus tá gníomhartha á ndéanamh ag an bpobal áitiúil, ag na hearnálacha feirmeoireachta agus gnó.

Leanaimid orainn lenár bpríomh-mhisean a chur i gcrích chun sonraí agus faisnéis faoi bhithéagsúlacht na hÉireann a dhéanamh níos inrochtana. Tá 6.9 taifead beithsine ar bhithéagsúlacht na hÉireann foilsithe anois ar Léarscáileanna Bithéagsúlachta. Is sampla maith é 67,000 taifead beithsine a thabhairt don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun tacú lena dtuairisciú faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach den gcaoi is féidir le breathnóireachtaí cur le cur i bhfeidhm beartais ar bhealach fiúntach. Tá an-áthas orainn freisin gur fhorbraíomar, thar ceann na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Rianaire chun tuairisciú faoin gCeathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht a dhéanamh níos struchtúrtha agus chun dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an Phlean a rianú.

A bhuíoch leis an líonra fairsing suirbhéirí a chuireann lenár gcláir mhonatóireachta, tá léargas níos fearr á fháil againn ar an gcaoi atá bithéagsúlacht na hÉireann ag athrú. Ar an drochuair, tá pobail feithidí fós ag dul i laghad ach is cosúil go bhfuil roinnt pobal plandaí neamhchoitianta ag déanamh go maith. Is é cuspóir bhailiú na sonraí ardchaighdeáin seo ná tuilleadh gníomhartha fianaisebhunaithe a chur chun cinn chun feabhas a chur ar bhithéagsúlacht don todhchaí. Is léir go bhfuil i bhfad níos mó dul chun cinn ag teastáil chun a chinntiú go mbeidh sé sin amhlaidh.

Is toradh ar iarracht foirne an dul chun cinn is féidir linn a thuairisciú don bhliain 2024. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus le Bord an Ionaid a thug treoir agus tacaíocht luachmhar dom le linn na bliana. Táim buíoch ach go háirithe de mo chomhghleacaithe as a ngairmiúlacht agus a dtiomantas chun clár mór oibre a chur i gcrích, agus de na daoine aonair agus eagraíochtaí iomadúla a raibh baint an-dearfach acu leis an Ionad le linn na bliana.




Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# BUAICPHOINTÍ
# le linn 2024

## Fás na heagraíochta

- Foilsíodh ár *bPlean Straitéiseach 2024-2028* agus faomhadh ár Lámhleabhair Rialachais agus Foirne
- Comhaontaíodh ár struchtúr eagraíochtúil agus méadaíodh líon na foirne ó 12 go 21
- Bunaíodh Aonad um Speicis Ionracha tiomnaithe chun ár gcumas a leathnú chun clár oibre mór ar Speicis Ionracha a sholáthar mar thaca le cur i bhfeidhm beartais

## Feabhas curtha ar eolas faoin mbithéagsúlacht

- Feabhas curtha ar eolas faoi bhithéagsúlacht na hÉireann trí 395,985 taifead beithsine nua a fhoilsiú agus 13 tacar sonraí nua a fhoilsiú ar Léarscáileanna Bithéagsúlachta. Áiríodh leis sin sonraí beithsine ar 39 speiceas nua.
- Nuashonraíodh sraith de 71 fotháscaire de chuid na dTáscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta
- Forbraíodh Rianaire ar líne chun dul chun cinn a rianú maidir le cur i gcrích na 194 gníomh atá sa Cheathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030

## Chuidíomar le gníomhartha fianaisebhunaithe níos fearr le haghaidh caomhnaithe

- Leanadh ar aghaidh le comhordú Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí 2021-2025, agus tuairiscíodh go bhfuil 127 de na gníomhartha curtha i gcrích, go bhfuil 50 gníomh fós ar bun agus nach bhfuil ach 11 ghníomh a bhfuil dul chun cinn le déanamh orthu fós
- Eagraíodh an chéad Fhóram um Speicis Ionracha agus Bithshlándáil an Oileáin Chomhroinnte, agus d'fhreastail thart ar 100 toscaire ó eagraíochtaí comhpháirtíochta éagsúla air
- Bainistíodh an suíomh gréasáin Gníomhaíocht ar son na Bithéagsúlachta https://actionforbiodiversity.ie/ mar acmhainn do ghníomhaíocht áitiúil

## Cuireadh úsáid sonraí bithéagsúlachta chun cinn

- Foilsíodh 108,705 taifead beithsine nua don tSaoráid Faisnéise faoi Bhithéagsúlacht Dhomhanda
- Thugamar breis is 67,000 taifead beithsine chun cabhrú le tuarascáil NPWS faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach

## Neartaíodh na líonraí eolaíochta saoránach agus taighde

- Tacaíodh le líonra de 8,301 eolaí saoránach a ghin 152,711 taifead beithsine nua
- Bainistíodh líonra de 282 traschrios monatóireachta, 1,962 comhaireamh áite, 302 suirbhé láithreáin agus 289 pobal plandaí a bhfuil monatóireacht á déanamh orthu
- Tuairiscíodh ar threochtaí phobal féileacán agus bumbóga na hÉireann trí Scéimeanna Monatóireachta Féileacán na hÉireann agus Bumbóga Uile-Éireann a bhainistiú
- Bhainistíomar an Scéim Náisiúnta um Monatóireacht Pailneoirí
- Comhaontaíodh Clár Oiliúna agus Rannpháirtíochta nua chun acmhainn agus saineolas tacsanomaíoch a fhorbairt ar fud na bpobal eolaíochta saoránach agus eolaíochta

## Rinneadh cumarsáid ar bhithéagsúlacht

- Foilsíodh dhá eagrán de *Biodiversity Ireland*, iris leathbhliantúil an Ionaid
- Foilsíodh nuachtlitreacha leictreonacha míosúla inar tugadh nuashonruithe ar ghníomhaíochtaí an Ionaid
- Táirgeadh sraith de 18 acmhainn nua chun eolas a fheabhsú ar ghnéithe éagsúla de bhithéagsúlacht na hÉireann agus comhairle a chur ar fáil ina leith.

ACHOIMRE AR

# Chuspóir agus Gníomhaíochtaí na hEagraíochta

## Ár mBunreacht

Is é príomhról an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, mar atá leagtha amach ina Bhunreacht, sonraí faoi bhithéagsúlacht na hÉireann a fháil, a thiomsú, a bhainistiú, a bhailíochtú agus a chur ar fáil d'fhonn acmhainní fiadhúlra a dhoiciméadú agus monatóireacht a dhéanamh ar athruithe le himeacht ama agus iad a thaifeadadh. Agus an ról sin á chomhlíonadh aige, tá sé mar aidhm ag an Ionad tacú le tionscnaimh náisiúnta chun bithéagsúlacht a chothabháil agus a fheabhsú, lena n-áirítear faisnéis a thaifeadadh faoi speicis agus gnáthóga a bhaineann leis na timpeallachtaí talún, fionnuisce, mara agus bogaigh.

## Ár bPlean Straitéiseach

D'fhoilsigh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a chéad Phlean Straitéiseach cúig bliana don tréimhse 2024 go 2028 i mí Feabhra. D'fhorbair an Bord agus an fhoireann an Plean Straitéiseach le linn 2023, agus ról na cuideachta mar atá leagtha amach ina bunreacht á chur san áireamh, agus bhain sé leas as beart comhairliúcháin fairsing a d'iarr ionchur ó phríomhchomhpháirtithe an Ionaid. Ní hamháin go bhfuil sé mar aidhm ag an bPlean Straitéiseach na tosaíochtaí oibre don Ionad a chur le chéile thar na cúig bliana atá romhainn, ach leagtar amach ann freisin an chaoi atá sé beartaithe ag an Ionad a ghnó a dhéanamh.

## Ár bhfís

Is í an fhís atá againn ná Éire ina bhfuil tuiscint agus meas ar an mbithéagsúlacht, agus ina mbíonn cinntí a mbíonn tionchar acu ar bhithéagsúlacht bunaithe ar fhianaise agus ar eolas.

# Comhthéacs ár gcuid oibre

*Is ionann bithéagsúlacht agus éagsúlacht na beatha ar domhan agus cuimsítear inti an éagsúlacht a tharlaíonn ar leibhéil na ngéiniteach, na speiceas agus an éiceachórais.*

Bíonn tionchar ag gníomhaíocht an duine ar bhithéagsúlacht, ar fheidhm éiceachórais agus ar cháilíocht na seirbhísí éiceachórais a dtacaíonn an bhithéagsúlacht leo. Is géarchéimeanna domhanda iad an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta lena mbaineann bagairt eiseach don chine daonna.

In Éirinn, léirítear san fhianaise go bhfuil meath ag teacht ar chastacht ár n-éiceachóras, agus go bhfuil go leor speiceas atá le fáil inár dtír i mbaol nó i mbaol a ndíothaithe. As na 3,466 speiceas a ndearnadh measúnú orthu faoin bpróiseas measúnaithe caomhnaithe ar an Liosta Dearg, meastar go bhfuil 24% díobh i mbaol a ndíothaithe.

Tá tuiscint, caomhnú agus athchóiriú bithéagsúlacht na hÉireann ina bpríomhchúiseanna imní do gach earnáil den tsochaí. Feabhsóidh ár gcuid oibre eolas faoi bhithéagsúlacht na hÉireann agus cuideoidh sí le hearnálacha éagsúla den tsochaí tuiscint níos fearr a fháil ar na gníomhartha fianaisebhunaithe ar féidir leo a dhéanamh chun cabhrú lena caomhnú.

Cuireann ár gcuid oibre le ról beartais, tuairiscithe agus caomhnaithe na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, cuidíonn sí le cur i bhfeidhm gníomhartha sa Cheathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bhithéagsúlacht 2023-2030, agus cuireann sí le Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028 – *"Our Place in Time"*.

## Ár luachanna

*Tá sé luach ann a threoraíonn an tIonad ina chuid oibre;*

**FIANAISE** Aithnímid gur disciplín eolaíocht-bhunaithe é caomhnú na bithéagsúlachta agus gurb iad gníomhartha atá fianaisebhunaithe agus atá bunaithe ar shonraí oscailte cruinne agus inrochtana a thugann na torthaí is fearr maidir le caomhnú.

**NUÁLAÍOCHT** Glacaimid leis gur féidir le cuir chuige nua agus nuálacha i leith sonraí agus faisnéise bithéagsúlachta cabhrú le tacaíocht shochaíoch a fhorbairt chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú.

**COMHOIBRIÚ** Tuigimid gur féidir le tionscnaimh a dheartar agus a chuirtear i gcrích i gcomhpháirtíocht, nó le rannpháirtíocht an phobail, na tionchair is buaine a bheith acu.

**COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ** Geallaimid oibriú le líonra éagsúil agus cuimsitheach leasanna, daoine aonair agus eagraíochtaí chun rannpháirtíocht sa bhithéagsúlacht agus tuiscint agus caomhnú na bithéagsúlachta a chur chun cinn.

**IONRACAS GAIRMIÚIL** Geallaimid oibriú de réir na gcaighdeán is airde maidir le hionracas gairmiúil, cáilíocht, trédhearcacht agus cuntasacht d'fhonn muinín ár bpáirtithe leasmhara uile a choinneáil.

**INBHUANAITHEACHT** Aithnímid an gá atá le gníomhú le freagracht agus le dualgas cúraim chun a chinntiú go n-íoslaghdaíonn gach gníomhaíocht de chuid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta aon drochthionchair chomhshaoil agus go gcuireann siad go dearfach le colúin shochaíocha, eacnamaíochta agus chomhshaoil Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

# Ár misean

*Is é ár misean oibriú chun a chinntiú go n-aithnítear luach uathúil agus bunúsach na bithéagsúlachta don tsochaí agus d'fholláine an duine. Déanfaimid sonraí agus faisnéis faoi bhithéagsúlacht na hÉireann níos éasca chun teacht orthu chun tuiscint níos fearr a fháil ar a cosaint agus a hathchóiriú agus eolas a chur ar fáil don mhéid sin. Oibrímid i gcomhpháirtíocht chun tacú le tionscnaimh chun cur le tuiscint agus rannpháirtíocht daoine i leith na bithéagsúlachta, agus na bealaí inar féidir í a chothabháil agus a fheabhsú.*

# Ár gcuspóirí straitéiseacha

*Tá sé chuspóir straitéiseacha sainaitheanta againn mar thosaíochtaí dár gcuid oibre idir 2024 agus 2028;*

## Cuspóir 1

**Feabhas a chur ar eolas faoi bhithéagsúlacht na hÉireann:** Feidhmiú mar an ionad náisiúnta chun sonraí faoi bhithéagsúlacht na hÉireann a fháil, a thiomsú, a bhainistiú, a bhailíochtú agus a chur ar fáil, agus súil a choinneáil ar an gcaoi a bhfuil an bhithéagsúlacht ag athrú le himeacht ama.

## Cuspóir 2

**Cuidiú le gníomhartha fianaisebhunaithe níos fearr chun bithéagsúlacht a chaomhnú agus a athchóiriú:** Úsáid sonraí géiniteacha, speiceas agus gnáthóg agus faisnéisíocht bhithéagsúlachta a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile, chun bonn tuisceana níos fearr a chur faoi dhea-chleachtas, beartais agus cinnteoireacht trí anailís, léirmhíniú agus tuairisciú sonraí nuálach.

## Cuspóir 3

**Úsáid sonraí bithéagsúlachta a chur chun cinn le haghaidh eolaíochta agus cinnteoireachta:** Tacú le riachtanais sonraí agus faisnéisíocht bithéagsúlachta ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an AE, agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe le haghaidh taighde, forbairt beartais agus cinnteoireacht.

## Cuspóir 4

**Strengthen the citizen science and research network:** Cumas a fhorbairt laistigh den líonra eolaíochta saoránach chun taitneamh, rannpháirtíocht agus meas ar bhithéagsúlacht áitiúil a chothú, foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus feabhas a chur ar mhéid agus ar cháilíocht na sonraí a ghineann eolaíocht saoránach faoi bhithéagsúlacht na hÉireann.

## Cuspóir 5

**Cumarsáid a dhéanamh faoin mbithéagsúlacht::** Luach éagsúlacht bhitheolaíoch na hÉireann a chur in iúl agus tacú le gníomhartha dearfacha caomhnaithe agus úsáide talún atá fianaisebhunaithe ar fud shochaí na hÉireann.

## Cuspóir 6

**Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta atá nuálach, sofhreagrúil agus cuntasach a fhorbairt** chun go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais bheartais phoiblí atá ag teacht chun cinn agus chun cumas an stáit a neartú maidir le dul i ngleic le géarchéim na bithéagsúlachta.

# Éachtaí agus Feidhmíocht le linn 2024

*Rinne Plean Cur Chun Feidhme rianú ar dhul chun cinn maidir le cur i gcrích Plean Straitéiseach 2024-2028. I gcás 2024, shainaithin sé 59 gníomh ar leithligh, arna rangú faoi na sé chuspóir straitéiseacha, chun cabhrú leis an Straitéis a chur i gcrích.*

**Cuspóir Straitéiseach 1**

*Eolas Feabhsaithe: 13 Ghníomh*

**Cuspóir Straitéiseach 2**

*Cuidiú le caomhnú: 16 Ghníomh*

**Cuspóir Straitéiseach 3**

*Eolaíocht agus Cinnteoireacht: 4 Ghníomh*

**Cuspóir Straitéiseach 4**

*Líonraí a neartú: 16 Ghníomh*

**Cuspóir Straitéiseach 5**

*Cumarsáid: 2 Ghníomh*

**Cuspóir Straitéiseach 6 –**

*Eagraíocht agus Rialachas: 8 nGníomh*

**Ag deireadh na bliana 2024, tuairiscíodh dul chun cinn maidir le**

*45 gníomh a cuireadh i gcrích*
*12 ghníomh a bhí fós ar siúl, agus*
*2 ghníomh nár léirigh aon dul chun cinn sásúil.*
*Déanfar dul chun cinn sa bhliain 2025 ar an dá ghníomh nár léirigh aon dul chun cinn sásúil.*

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 01

# Feabhas a chur ar eolas faoi bhithéagsúlacht na hÉireann

***Gníomh:*** *Bunachar Sonraí Bithéagsúlachta Náisiúnta a Bhainistiú*


***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *Níos mó sonraí agus sonraí ar chaighdeán níos fearr a mbeadh teacht orthu go héasca ar phrionsabail FAIR*[1] *a bheith ann*

Leanadh le fás leanúnach an Bhunachair Shonraí Bithéagsúlachta Náisiúnta sa bhliain 2024. Cuireadh líon iomlán de 395,985 taifead beithsine nua de 39 speiceas breise leis an bhfaisnéis le linn 2024, chomh maith le 13 tacar sonraí nua. Díríodh go háirithe le linn na bliana ar thacair sonraí a bhunú do chuid de na grúpaí feithidí is deacra ó thaobh na teicneolaíochta de. Ba phróiseas é seo a chomhordaigh Oifigeach Náisiúnta an Bhunachair Sonraí Feithidí nuacheaptha.

B'ionann 50% de na taifid nua a cuireadh leis an mbunachar sonraí sa bhliain 2024 agus na taifid leamhain arna soláthar ag MothsIreland. B'ionann taifid mhuirí, mamaigh agus plandaí beagán os cionn 10% an ceann de na taifid nua. Bhain níos lú ná 20% de líon iomlán na dtaifead nua leis na grúpaí eile go léir.

1. Déanann na prionsabal FAIR (Éasca a aimsigh, Inrochtana, Idir-Oibritheach agus In-athúsaidte) cuir síos ar conas ba cheart sonraí a eagrú ionas go mbeadh síad níos fusa a rochtain, tuiscint, malartú agus athúsáid.

Líon na dtaifead beithsine a cuireadh leis an mBunachar Sonraí Náisiúnta Bithéagsúlachta sa bhliain 2024



***Gníomh:** Líonra saineolaithe a bhainistiú le haghaidh bailíochtú sonraí*
***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:** A chinntiú go gcoinnítear cáilíocht na sonraí a bhaineann an tIonad leas astu de réir an chaighdeáin is airde*

Prionsabal lárnach de bhainistíocht sonraí breathnóireachta bithéagsúlachta is ea a chinntiú go bhfuil na sonraí iontaofa agus inchreidte. Cinntíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta go ndéantar próiseas bailíochtaithe ar na sonraí beithsine ar fad a fhoilsítear trí Léarscáileanna Bithéagsúlachta. Is cúram speisialaithe é bailíochtú sonraí beithsine bithéagsúlachta agus baineann sé leas as am agus saineolas líonra bailíochtóirí.

Déanann baill foirne an Ionaid a bhfuil an saineolas riachtanach acu cuid den bhailíochtú; ach déanann saineolaithe náisiúnta ina réimse féin cuid mhór den bhailíochtú fíortheicniúil ar bhonn deonach áfach. Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ag brath ar, agus fíorbhuíoch de, bhailíochtóirí seachtracha a dtugann a gcuid ama agus saineolais go fial chun cabhrú le hardchaighdeáin bailíochtaithe sonraí a choinneáil.



Sampla den éagsúlacht sonraí feithidí agus inveirtebreach a bhfuil bailíochtú á teastáil.

**Gníomh:** *Nuashonrú ar Eolas Reatha ar Bhithéagsúlacht na hÉireann*
**An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:** *Nuashonrú mionsonraithe ar an eolas reatha ar bhithéagsúlacht na hÉireann*

Le linn 2024, cuireadh tús le hobair ar ***Eolas Reatha ar Bhithéagsúlacht na hÉireann*** a nuashonrú, rud a d'fhoilsigh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta den chéad uair sa bhliain 2010. Tá faisnéis nuashonraithe curtha ar fáil ag saineolaithe náisiúnta ar an eolas reatha i gcás 17 ngrúpa tacsanomaíoch éagsúla. Nuashonraíodh an fhaisnéis ar:

- stádas an tseicliosta ábhartha d'Éirinn
- líon na speiceas deimhnithe gurb ann dóibh
- foinsí príomha sonraí beithsine
- cé na measúnaithe caomhnaithe náisiúnta atá curtha i gcrích
- cíbe an bhfuil clár monatóireachta náisiúnta nó athshuirbhéanna i bhfeidhm.

D'fhreastail saineolaithe náisiúnta ar cheardlann a d'óstaigh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta í mí na Samhna 2024 chun riachtanais mhonatóireachta náisiúnta a phlé agus a shainaithint. Is gné nua í seo a chuirfear san áireamh sa leagan nuashonraithe de *Eolas Reatha ar Bhithéagsúlacht na hÉireann*, atá le cur i gcrích sa bhliain 2025.

**Gníomh:** *Cumas a fhorbairt ar thacsanomaíocht agus taifeadadh feithidí*
**An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:** *Eolas feabhsaithe ar fheithidí nach bhfuil mórán tuisceana orthu*

Cheap an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta Oifigeach Náisiúnta an Bhunachair Sonraí Feithidí nua le linn 2024 chun eolas a fheabhsú ar thacsanomaíocht feithidí agus acmhainn a fhorbairt le haghaidh suirbhéireacht níos gníomhaí ar ghrúpaí casta, éagsúla agus grúpaí nach ndéantar dóthain staidéir orthu. Tá bunachair shonraí nua forbartha cheana féin do ghrúpaí feithidí trí shonraí atá ann cheana féin a thiomsú agus taifid stairiúla a dhigitiú. Rinneadh é seo i gcomhar le hArd-Mhúsaem na hÉireann – Stair an Dúlra agus saineolaithe náisiúnta. Bunaíodh grúpaí malartaithe eolais do sheangáin agus foichí, agus foilsíodh Seicliosta Beacha in Éirinn nuashonraithe i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra



***Gníomh:*** *Na Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta a Nuashonrú*

***Tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *tuairisciú a éascú ar dhul chun cinn na hÉireann i dtreo spriocanna bithéagsúlachta náisiúnta, Eorpacha agus domhanda a bhaint amach.*

Is bailiúchán táscairí iad Táscairí Bithéagsúlachta Náisiúnta a dhéanann monatóireacht ar athruithe i speicis, gnáthóga agus tírdhreacha na hÉireann. Chomh maith leis sin, léiríonn siad athruithe níos leithne a bhaineann le bithéagsúlacht i sochaí na hÉireann. Soláthraíonn na táscairí seo foinse thábhachtach fianaise don phobal agus do lucht déanta cinntí maidir le staid, treochtaí, brúnna agus gníomhartha caomhnaithe a bhaineann le bithéagsúlacht. Ina theannta sin, éascaíonn na táscairí sin tuairisciú ar dhul chun cinn na hÉireann i dtreo spriocanna bithéagsúlachta náisiúnta, Eorpacha agus domhanda a bhaint amach.

Arna thionscnamh ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa bhliain 2013, tá sé de chúram ar an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta a bhailiú agus a thuairisciú. Cuireann raon leathan eagraíochtaí rialtais agus neamhrialtasacha na sonraí atá mar bhonn leis na táscairí ar fáil agus léiríonn siad iarracht chomhoibríoch ar fud na n-eagraíochtaí sin chun an tsraith reatha táscairí a fhorbairt.

Rinne an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta an tsraith Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta a nuashonrú agus d'fhoilsigh sé an tuarascáil Stádas agus Treochtaí 2022 sa bhliain 2024. Tá an tsraith de 71 fotháscaire a úsáidtear rangaithe faoi ocht bpríomhréimse, is iad sin:

- A Feasacht ar bhithéagsúlacht
- B Stádas na bithéagsúlachta
- C Bagairtí don bhithéagsúlacht
- D Bearta a chosnaíonn bithéagsúlacht
- E Bearta a tharraingíonn aird ar an mbithéagsúlacht
- F Tairbhí a eascraíonn as bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais.
- G Tionchar ar bhithéagsúlacht lasmuigh d'Éirinn.
- H Eolas faoi Bhithéagsúlacht na hÉireann.

Léiríonn an tsraith táscairí nuashonraithe go bhfuil na stádais is dearfaí sna príomhréimsí A. Feasacht ar Bhithéagsúlacht agus H. Eolas ar Bhithéagsúlacht na hÉireann. Is iad na príomhréimsí B. Stádas na bithéagsúlachta agus C. Bearta a tharraingíonn aird ar an mbithéagsúlacht is cúis leis an líon is airde stádas 'olc' le cúig bliana (gearrthéarmach) nó le 10 mbliana (fadtéarmach) anuas. Tá bearnaí eolais fós le feiceáil i bpríomhréimse F. Na buntáistí a eascraíonn as bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais, ach leanfar le hobair chun na táscairí seo a líonadh amach anseo.

Déanfar athbhreithniú ar an tsraith iomlán táscairí le linn 2025 agus 2026 chun a mheas an bhfuil siad oiriúnach don fheidhm chun athruithe i bhforbairtí beartais bithéagsúlachta náisiúnta agus idirnáisiúnta a léiriú.




| Príomhréimhsí | Stádas | An líonra fo-taiscirí | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Reatha | Gearrthéarmach | Fadtéarmach |
| A. Feasacht ar bhithéagsúlacht | Maith | 3 | 2 | 1 |
| | Idirmheánach | 7 | 5 | 5 |
| | Olc | 0 | 1 | 0 |
| | Anaithnid | 0 | 2 | 4 |
| B. Stádas na bithéagsúlachta | Maith | 0 | 0 | 0 |
| | Idirmheánach | 5 | 5 | 3 |
| | Olc | 4 | 4 | 4 |
| | Anaithnid | 2 | 2 | 4 |
| C. Bagairtí don bhithéagsúlacht | Maith | 2 | 3 | 3 |
| | Idirmheánach | 4 | 2 | 2 |
| | Olc | 3 | 1 | 1 |
| | Anaithnid | 0 | 3 | 3 |
| D. Bearta a chosnaíonn bithéagsúlacht | Maith | 3 | 4 | 5 |
| | Idirmheánach | 8 | 5 | 2 |
| | Olc | 2 | 2 | 1 |
| | Anaithnid | 0 | 2 | 5 |
| E. Bearta a tharraingíonn aird ar an mbithéagsúlacht | Maith | 1 | 1 | 3 |
| | Idirmheánach | 2 | 5 | 0 |
| | Olc | 5 | 2 | 0 |
| | Anaithnid | 0 | 0 | 5 |
| F. Tairbhí a eascraíonn as bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachóras | Maith | 0 | 0 | 0 |
| | Idirmheánach | 1 | 2 | 1 |
| | Olc | 1 | 0 | 1 |
| | Anaithnid | 0 | 0 | 0 |
| G. Tioncar ar bhithéagsúlacht lasmuigh d'Éirinn | Maith | 0 | 0 | 0 |
| | Idirmheánach | 2 | 1 | 2 |
| | Olc | 0 | 1 | 0 |
| | Anaithnid | 0 | 0 | 0 |
| H. Eolas faoi bhithéagsúacht na hÉireann | Maith | 4 | 3 | 4 |
| | Idirmheánach | 3 | 4 | 2 |
| | Olc | 1 | 0 | 0 |
| | Anaithnid | 0 | 1 | 2 |

Forléargas ar Stádas na dTáscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta ag deireadh na bliana 2022.

***Gníomh:*** *Rianaire don Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bhithéagsúlacht a Fhorbairt*
***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *Feabhas a chur ar thuairisciú agus ar chur i gcrích an Cheathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht*

Forbraíodh Rianaire an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bhithéagsúlacht agus an suirbhé gaolmhar a ghabhann leis go hinmheánach ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ag baint úsáide as a ardán GIS ar líne. Ceapadh deais agus suirbhé an Rianaire chun cuidiú leis an nGrúpa Oibre Idir-rannach um Bhithéagsúlacht, atá faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an dul chun cinn atá déanta ag comhpháirtithe maidir le cur i gcrích a ngníomhartha sannta a bhailiú agus a chur i láthair. Cuireann comhpháirtithe nuashonruithe bliantúla isteach ar dhul chun cinn gach gnímh a bhfuil siad freagrach as. Déanann NPWS athbhreithniú ar na freagraí a bailíodh agus nuashonraíonn siad an Rianaire. Cuidíonn sé seo le gach duine ansin, lena n-áirítear baill den phobal, chun dul chun cinn a rianú maidir le cur i gcrích na 194 gníomh atá leagtha amach i gCeathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann (2023-2030).



CUSPÓIR STRAITÉISEACH 02

# Cuidiú le gníomhartha fianaisebhunaithe níos fearr chun bithéagsúlacht a chaomhnú agus a athchóiriú

***Gníomh:*** *Dul i mbun plé leis an gComhairle Oidhreachta agus le líonra na nOifigeach Bithéagsúlachta*

***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *Ailíniú níos dlúithe maidir le hobair an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun freastal níos fearr ar riachtanais na Comhairle Oidhreachta agus líonra na nOifigeach Bithéagsúlachta Áitiúil*

D'óstaigh an tIonad cruinniú de Líonra na nOifigeach Bithéagsúlachta i mí na Samhna chun plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr a d'fhéadfadh an tIonad freastal ar riachtanais líonra na nOifigeach Bithéagsúlachta. Scaipeadh ceistneoir roimh an gcruinniú chun na tacaíochtaí a mheas na hOifigigh a raibh luach ag baint leo dá gcuid oibre a shainaithint. Aithníodh sa chruinniú an gá le tacaíochtaí faoi chúig réimse:

- soláthar sonraí,
- anailís ar shonraí,
- suirbhéanna agus monatóireacht,
- oiliúint, agus
- comhordú náisiúnta.


Tá na riachtanais sin curtha san áireamh i bplean oibre tosaíochta an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, agus tá rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach ar bun le Líonra na nOifigeach Bithéagsúlachta, arna héascú ag an gComhairle Oidhreachta.

***Gníomh:*** *Bainistiú a dhéanamh ar chur i gcrích Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí 2021-2025*
***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *Sraith chomhardaithe gníomhartha ar fud oileán na hÉireann, arna gcur ar fáil ag earnálacha éagsúla, a chabhraíonn le tírdhreach na hÉireann a bheith níos oiriúnaí do phailneoirí..*

Sainaithnítear sa Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí 2021-2025 186 gníomh atá le cur i gcrích le linn shaolré an Phlean. Ag deireadh na bliana 2024, bhí 125 (67%) gníomh curtha i gcrích mar a comhaontaíodh, bhí 50 (27%) gníomh i mbun, agus bhí 11 (6%) gníomh eile a raibh dul chun cinn le déanamh orthu fós. Seo a leanas cuid de na príomhéachtaí a rinne earnálacha éagsúla:


- **Comhairlí** - tá gach ceann de na 42 Comhairle tar éis dul i gcomhpháirtíocht go foirmiúil leis an bPlean anois agus tá gealltanas tugtha acu gníomhartha a dhéanamh ar mhaithe le pailneoirí agus na bithéagsúlachta,
- **Feirmeoireacht** - Forbraíodh córas scórála feirme iomláin atá fianaisebhunaithe a ligeann d'fheirmeoirí measúnú a dhéanamh ar cé chomh oiriúnach do phailneoirí is atá a bhfeirm, agus cad iad na gníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh chun a scór a fheabhsú agus tá an córas á chur chun cinn go gníomhach,
- **Pobail Áitiúla** – Leanann Gradam Pailneoirí an Údarás Áitiúil de chuid na mBailte Slachtmhara, atá urraithe ag an gComhairle Oidhreachta agus na hOifigigh Oidhreachta, de ghníomhaíocht phobail áitiúil a chur chun cinn chun tacú le Plean Uile-Éireann um Pailneoirí. Tá gníomhartha curtha i gcrích ag breis is 200 pobal faoin ngradam seo. Ba é Bailte Slachtmhara na Snadhma, Co. Chiarraí buaiteoir foriomlán an Ghradaim sa bhliain 2024.
- **Gnólachtaí** - Chláraigh nócha a dó cuideachta mar thacadóirí do Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí sa bhliain 2024. Ciallaíonn sé sin gurb ionann líon iomlán na dtacadóirí gnó a thuairiscigh ar ghníomhartha atá déanta acu agus 338.

Foilsíodh dhá threoir nua sa tsraith 'Pailneoirí atá I mBaol a Chosaint' sa bhliain 2024, ar an Leamhan Foraoise agus ar an mBeach Charda Chaoldoird. Cuireadh trí acmhainn nua ar fáil freisin a chuireann tábhacht na bhfálta sceach do phailneoirí chun cinn.





## Stádas agus dul chun cinn na 186 gníomharraí faoi dheireadh bliain 4


Críochnaithe | Ag dul ar aghaidh | Níl tosaithe fós




**Cuspóir 1:** Talamh feirme oiriúnach do pailneoirí




**Cuspóir 2:** Talamh poiblí oiriúnach do pailneoirí




**Cuspóir 3:** Talamh príobháideach oiriúnach do pailneoirí



**Cuspóir 4:** Stráitéis Uile-Éireann don Beach Mheala



**Cuspóir 5:** Pailneoirí neamhchoitianta a caomhnú




**Cuspóir 6:** Comhordú Stráitéiseach an Plean

## Socrú earnáileach

**100%** de comhairlí ina pairtneirí le AIPP

**200+** grúpaí Bailte Slachtmhara gabha usteach sa gradam pailneoirí speisíalta ó 2016.





Gnólachtaí sínithe suas don Plean Uile-Éireann Pailneoirí

## Ag Rianú Athraithe

**1,000+** comhaireamh de feithidí-plandaí cuirthe isteach i 2024

Scéim Monaiteoireacht an Bumbóg 2012-2023 treocht foilsithe

**4,700** suíomh logatha ar 'Gníomhairí don Pailneoirí




Líon taifead beatha fiáin deimnithe cuirthe isteach sa bunachar sonraí náisiúnta

***Gníomh:*** *Aonad um Speicis Ionracha a Bhunú*

***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *go mbeidh acmhainn mhéadaithe againn clár oibre fairsing a chur i gcrích ar Speicis Choimhthíocha Ionracha chun tacú le cur i bhfeidhm beartais náisiúnta agus beartais an AE.*

Bliain bhunathraitheach a bhí ann don obair ar speicis ionracha ag an Ionad Sonraí le bunú Aonad um Speicis Ionracha nua. Ó mí Eanáir go mí Meithimh, díríodh ar fhoireann a earcú don Aonad agus cláir oibre a fhorbairt. Áiríodh leis sin teacht ar chomhaontuithe lenár bpríomhchomhpháirtithe maoinithe sa tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, i nGníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann agus sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, mar aon leis an gcloch mhíle maidir le hearcú agus ionduchtú na foirne nua.

Mar aon lenár dtionscnaimh mhaoinithe tionscadal-sonrach, tá Plean Téama um Speicis Ionracha nua againn chun na príomhghníomhartha agus príomhthorthaí don aonad a threorú. Tá seacht sruth oibre, 50 príomhghníomh agus na torthaí gaolmhara atá ár bhfoireann nua ag obair chun a bhaint amach san áireamh sa phlean seo. Ag deireadh na bliana 2024, tá ár bhfoireann nua tar éis a líonraí a leathnú, tá bunchlocha agus comhpháirtíochtaí láidre á bhforbairt acu do rath an aonaid nua, an Plean Téama agus a dtionscadal aonair. Mar shampla, tá dhá Choiste Stiúrtha trasteorann agus ilghníomhaireachta ag an Aonad um Speicis Ionracha chomh maith—ceann don Tionscnamh um Speicis Ionracha agus Bithshlándáil an Oileáin Chomhroinnte agus ceann do Speicis Neamhdhúchasacha agus Ionracha Muirí agus Cósta. Rath mór eile a bhí orainn i mí na Samhna 2024 ab ea an chéad Fhóram um Speicis Ionracha agus Bithshlándáil an Oileán Chomhroinnte, agus bhí thart ar 100 toscaire i láthair ar an lá, rud a thug ár bpáirtithe leasmhara le chéile.




Dr Sara McGurkin agus Rose Muir ó NIEA le toscairí eile ag an Fóram Samhain 2024.

***Gníomh:*** *Uasdátú agus cothabháil an tsuímh ghréasáin actionforbiodviersity.ie*

***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *Feabhas a chur ar cháilíocht fhoriomlán na bpleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta arna gcruthú ag pobail áitiúla, rud a thabharfaidh luach níos fearr ar a gcuid airgid do na comhpháirtithe maoinithe.*

Is ionad ilfhreastail é suíomh gréasáin http://actionforbiodiversity.ie, arna fhorbairt ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, le haghaidh faisnéise, treorach agus acmhainní eile a bheidh luachmhar do phobail áitiúla agus a bpleananna á n-ullmhú acu. Forbraíodh é i gcomhpháirt le Fondúireacht Phobail na hÉireann agus leis an gComhairle Oidhreachta. Le linn na bliana, rinneadh uasdátú ar an suíomh agus cuireadh aon phleananna nó acmhainní nua a bhí le fáil air, rud a thug rochtain ar 269 Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta faoi dheireadh na bliana 2024. Cruthaíodh nasc leis an gcóras mapála Gníomhartha maidir le Speicis Ionracha chun níos mó pobal áitiúil a spreagadh chun sonraí a logáil maidir le gníomhartha bainistíochta atá déanta acu chun tionchar speiceas ionrach ina gceantar áitiúil a mhaolú. Le linn na bliana, rinneadh athstruchtúrú ar an suíomh gréasáin chun a inrochtaineacht a fheabhsú agus faisnéis an tsuímh ghréasáin a choinneáil cothrom le dáta. Cruthaíodh léarscáil ar líne atá tiomnaithe do phleananna cathrach nó contae na n-údarás áitiúil, rud a chiallaíonn gur féidir an fothacar seo de phleananna a íoslódáil. Cruthaíodh físeán chun aird a tharraingt ar an obair a bhí ar bun ag dhá ghrúpa Baile Slachtmhar, i bPort Laoise agus i Mainistir Laoise, maidir le bithéagsúlacht ina bpobail. Cuireadh tús le hobair ar dhoiciméad treorach nua dar teideal 'Conas Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Pobail a Fhorbairt' a tháirgeadh chun cuidiú le pobail áitiúla a bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta féin a tháirgeadh.



## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 03

# Úsáid sonraí bithéagsúlachta a chur chun cinn le haghaidh eolaíochta agus cinnteoireachta

***Gníomh:*** *Feidhmiú mar Nód na hÉireann chuig an tSaoráid Faisnéise faoi Bhithéagsúlacht Dhomhanda (GBIF)*
***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *A chinntiú go gcomhlíonann Éire a hoibleagáid mar rannpháirtí i GBIF agus go gcuireann sí sonraí leis an tairseach sonraí bithéagsúlachta domhanda*

Feidhmíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta mar Nód Náisiúnta na hÉireann chuig an tSaoráid Faisnéise faoi Bhithéagsúlacht Dhomhanda (GBIF). Is líonra idirnáisiúnta agus bonneagar sonraí é GBIF atá maoinithe ag rialtais an domhain agus atá dírithe ar rochtain oscailte a sholáthar do dhuine ar bith, in áit ar bith, ar shonraí faoi gach cineál beatha ar Domhan. Foilsítear sonraí atá ceadúnaithe mar shonraí oscailte faoin gceadúnas Creative Commons CC-BY ar thairseach sonraí GBIF, gbif.org. Sa bhliain 2024, foilsíodh 108,705 taifead beithsine don GBIF ón Ionad.

Tá ról lárnach ag foireann an Ionaid in GBIF chomh maith. Athcheapadh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ionaid, an Dr. Liam Mac Giolla Iasachta mar Chathaoirleach ar Bhord Rialaithe GBIF ar feadh tréimhse dhá bhliain eile ag cruinniú de chuid an Bhoird i mí Dheireadh Fómhair 2024. Feidhmíonn an Dr. Michelle Nic an Bhreithimh, Bainisteoir Sonraí an Ionaid, mar Bhainisteoir Nóid GBIF d'Éirinn freisin agus is ball í de Ghrúpa Nóid Réigiúnacha na hEorpa agus Lár na hÁise. D'fhreastail sí ar chruinniú bliantúil an Ghrúpa Réigiúnaigh i Ságrab, sa Chróit, i mí Bealtaine, agus bhí sí mar bhall de Thoscaireacht na hÉireann chuig cruinniú an Bhoird Rialaithe i Porto, sa Phortaingéil i mí Dheireadh Fómhair.

***Gníomh:*** *Sonraí a sholáthar chun tacú le NPWS maidir le tuairisciú faoi Airteagal 17, Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach*
***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *A chinntiú go bhfuil aon sonraí a bhailítear trí chláir Eolaíochta Saoránach ar fáil chun críocha tuairiscithe.*

Baineadh úsáid rathúil as bogearraí FME chun sreabhadh sonraí ar féidir iniúchadh iomlán a dhéanamh orthu, a chruthú, rud a chiallaigh gurbh fhéidir na sonraí ábhartha uile a bhí ag teastáil ón NPWS le haghaidh tuairiscithe faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach a asbhaint gan stró ón bPríomhbhunachar Sonraí Náisiúnta Bithéagsúlachta. Easpórtáladh sonraí san fhormáid a bhí ag teastáil agus de réir na sonraíochta cruinne a bhí de dhíth ar an NPWS chun na sonraí sin a chur san áireamh ina bpróiseas tuairiscithe faoi Airteagal 17. Cuireadh 66,915 taifead beithsine san iomlán ar fáil don NPWS chun na críche sin.

***Gníomh:*** *Bogearraí FME a rianú ar mhaithe le sonraí bithéagsúlachta a úsáid*
***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *Próiseas sonraí inmhacasamhlaithe a fhorbairt chun tuairisciú ar shonraí a fheabhsú*

Tar éis bogearraí FME a chur i bhfeidhm agus a thástáil, deimhníodh gur féidir FME a úsáid chun próisis sonraí sofaisticiúla, in-athdhéanta a chruthú a bhaineann le sonraí bithéagsúlachta a asbhaint, a shaibhriú, anailís a dhéanamh orthu agus iad a athrú ó bhonn ón príomhbhunachar sonraí chun aschur a tháirgeadh i bhformáidí éagsúla, ag freastal ar riachtanais úsáideoirí sonraí. Bainfear úsáid as sin mar bhogearraí lárnacha chun freastal ar go leor dár riachtanais lárnacha bainistíochta sonraí amach anseo.

# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 04

# An líonra eolaíochta saoránach agus an líonra taighde a neartú


***Gníomh:*** *Tairseach Eolaíochta Saoránach na hÉireann a Bhainistiú*

***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *Cumas feabhsaithe le haghaidh taifeadadh ardchaighdeáin ón líonra eolaíocha saoránach*

Cuireann Tairseach Eolaíochta Saoránach na hÉireann córas ar líne ar fáil a bhfuil teacht air go héasca chun breathnóireachtaí ó bhreathnóirí a ghabháil. Sa bhliain 2024, cuireadh breis is 152,711 taifead isteach ag 8,301 duine aonair, ar fud na 32 contae ar fad san oileán. Ó seoladh í sa bhliain 2012, tá méadú suntasach bliain i ndiaidh bliana tagtha ar líon na dtaifead a chuirtear isteach tríd an tairseach. Baineadh buaicphointe de bhreis is 180,000 taifead amach sa bhliain 2021, rud a tharla ag an am céanna a raibh dianghlasáil COVID-19 ann. Le blianta beaga anuas, tá laghdú beag tagtha ar líon iomlán na dtaifead a cuireadh isteach i gcomparáid leis an mbuaicphointe sa bhliain 2021.

Sa bhliain 2024, b'ionann plandaí bláthanna agus 24% de na taifid a cuireadh isteach, agus ina dhiaidh sin, bhí taifid a bhain le hÉin (23.5%), Leamhain (17%), Mamaigh (5.5%) agus Féileacáin (5%). B'ionann na cúig ghrúpa tacsanomaíocha seo agus 75% de na taifid a cuireadh isteach sa bhliain 2024.


Líon eolaíochta saoránach




Bronnadh Teastais Éachta Sármhaithe ar 88 de na daoine ba ghníomhaí a bhí i mbun taifeadta agus a bhain clocha míle taifeadta suntasacha amach ag deireadh na bliana 2024.

Cuirtear foirmeacha taifeadta saincheaptha ar líne ar fáil mar sheirbhís d'eagraíochtaí comhpháirtíochta tábhachtacha chun tacú le suirbhéanna náisiúnta atá ar bun acu. Sa bhliain 2024, cuireadh foirmeacha taifeadta saincheaptha ar fáil chun tacú leis na naoi dtionscnamh taifeadta seo a leanas:

Líon iomláin taighde




- Taifeadadh Leamhan do MothsIreland
- Gabhlán Gaoithe do Swift Conservation Ireland
- Taifeadadh ginearálta do Chlub Allamuigh Nádúraithe Loch Garman
- Grúpa Staidéir ar Bheacha Meala Fiáine d'Ollscoil na Gaillimhe
- Suirbhé ar Ghráinneoga na hÉireann d'Ollscoil na Gaillimhe
- Suirbhé ar an Easóg Éireannach do Vincent Wildlife Trust
- Éin Chreiche Chathair Bhaile Átha Cliath do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus do Chairde Éanlaith Éireann
- Éin Abhann Chathair Bhaile Átha Cliath do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus do Chairde Éanlaith Éireann
- Staidéar ar an Sionnach Uirbeach d'Ollscoil na Gaillimhe



***Gníomh:*** *Suirbhé córasach agus cláir mhonatóireachta a bhainistiú ar ghnéithe den bhithéagsúlacht*
***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *Sonraí cainníochtúla a ghiniúint ar bhithéagsúlacht ama agus ar athrú bithéagsúlachta*

Bainistíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta líonra fairsing monatóireachta bithéagsúlachta arna chur ar fáil ag eolaithe gairmiúla agus eolaithe saoránach. Le linn 2024, rinneadh monatóireacht ar ghnéithe éagsúla den bhithéagsúlacht ag 873 suíomh éagsúil, agus chuir líonra na suirbhéirí 1,962 comhaireamh uainithe breise i gcrích.

| Scéim Monatóireachta | Gníomhaíocht monatóireachta sa bhliain 2024 |
|---|---|
| Gníomhaíocht monatóireachta sa bhliain 2024 | 148 traschrios monatóireachta |
| Scéim Monatóireachta Bumbóga | 134 traschrios monatóireachta |
| Líon na gComhaireamh FIT | 900 comhaireamh ag 170 duine éagsúil |
| Monatóireacht ar an bhFéileacán Gairdín | 1,062 comhaireamh |
| Monatóireacht ar Phlandaí Neamhchoitianta | Monatóireacht déanta ar 289 pobal |
| FiosraighDoChladach! | Suirbhéireacht déanta ar 47 suíomh |
| Snáthaidí Móra Éireann | Suirbhéireacht déanta ar 172 suíomh |
| Scéim Monatóireachta Pailneoirí na hÉireann | Monatóireacht déanta ar 40 suíomh |
| Scéim Monatóireachta Fritileán Réisc na hÉireann | Monatóireacht déanta ar 43 suíomh |


***Gníomh:*** *Na scéimeanna monatóireachta Féileacán agus Bumbóga atá bunaithe ar thraschriosanna a Bhainistiú*
***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *Treochtaí pobal speiceas féileacán agus bumbóg forleathan a rianú bumblebee species*

Déanann dhá chlár mhonatóireachta atá bunaithe ar thraschriosanna, Scéim Monatóireachta Féileacán na hÉireann agus Scéim Monatóireachta Bumbóga Uile-Éireann, rianú ar threochtaí pobal ár speiceas coitianta féileacán agus bumbóg, faoi seach. Bunaíodh Scéim Monatóireachta Féileacán na hÉireann sa bhliain 2008, agus is í an scéim monatóireachta feithidí eolaíochta saoránach is faide in Éirinn í, ach tá Scéim Monatóireachta Bumbóga Uile-Éireann ar siúl ó 2012 i leith. Déanann líonra eolaíochta saoránach an mhonatóireacht. Siúlann siad bealach socraithe (traschrios) go rialta le linn an tséasúir de réir modheolaíochta caighdeánaithe. Sa bhliain 2024, gineadh sonraí ó 148 traschrios féileacáin agus 134 traschrios bumbóga.

## Scéim Monatóireachta Féileacán na hÉireann

| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon iomláin suirbhéirí | 132 | 94 | 88 | 117 | 113 | 112 |
| Líon iomláin traschrios | 175 | 143 | 116 | 149 | 143 | 148 |
| Líon iomláin samplaí | 20,645 | 13,028 | 12,199 | 13,672 | 16,284 | 12,564 |
| Líon iomláin féileacáin | 59,903 | 32,608 | 32,752 | 39,960 | 36,961 | 26,359 |

## Scéim Monatóireachta Bumbóga Uile-Éireann





### Torthaí na gclár monatóireachta ó 2023


**Pobail Féileacán** - TLéirigh innéacs ilspeiceas de na 15 speiceas féileacáin is coitianta go raibh meath -55% ar phobal na bhféileacán sa bhliain 2023 i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne sa bhliain 2008. Ó thaobh staitistice de, meastar gur meath measartha é sin.

**Pobal na mBumbóg** – Léirigh innéacs ilspeiceas ar phobal na mbumbóg meath foriomlán de -11.6% idir 2012 agus 2023. Léiríonn na sonraí seo freisin go bhfuil meath ag teacht ar cheithre cinn de na speicis is coitianta anois.

Táiscaire ilspeiceas bunaithe ar 15 speiceas




Innéacs ilspeiceas ar na hathruithe pobal na mbumbóg 2012-2013



***Gníomh:*** *Clár Oiliúna agus Rannpháirtíochta a Tháirgeadh don Ionad.*
***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *líonra dea-oilte agus eolach de dhaoine i mbun taifeadta a bhfuil tuiscint níos fearr acu ar bhithéagsúlacht*

Príomhsprioc den Phlean Straitéiseach is ea struchtúr foghlama ar feadh an tsaoil a chur ar fáil don líonra eolaíochta saoránach, agus sprioc eile de chuid an Phlean is ea saineolas a fhorbairt sa tacsanomaíocht, i sainaithint speiceas agus i scileanna allamuigh. Tá sé beartaithe na spriocanna sin a bhaint amach trí Chlár Oiliúna agus Rannpháirtíochta ilbhliantúil a sholáthar. Comhaontaíodh struchtúr an chláir seo le linn 2024, agus cuirfear tús leis an seachadadh sa bhliain 2025.

**Is iad na spriocghrúpaí sonracha a sainaithníodh ná:**

- Gairmithe,
- Saoránaigh/ An pobal i gcoitinne, agus
- Daltaí meánscoile.

**Struchtúr molta bunaithe ar cheithre ábhar foghlama ardleibhéil:**

1. Bunchlocha na bithéagsúlachta
2. Scileanna um shainaithint speiceas
3. Suirbhé bithéagsúlachta agus teicnící measúnaithe
4. Bainistíocht bithéagsúlachta fianaisebhunaithe

**Timthriall:** Feidhmiú ar thimthriall ceithre bliana i gcomhréir leis an timthriall acadúil, ag tosú ó 2026.

**Garlíon na n-imeachtaí in aghaidh na bliana:**

- 4 seimineár gréasáin
- 17 gceardlann
- 3 dheireadh seachtaine athnuachana allamuigh (Do dhaoine a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na ceardlanna roimhe seo curtha i gcrích acu)
- 6 chúrsa ar líne

***Gníomh:*** *Tionscadail Snáthaidí Móra Éireann a Bhainistiú agus Fiosraigh do Chladach!*
***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *eolas feabhsaithe faoi bhithéagsúlacht i bhfionnuisce agus in uiscí cósta.*

## Tionscadal Snáthaidí Móra Éireann 2019 - 2024

Sa bhliain 2024, cuireadh suirbhéireacht don tionscadal Snáthaidí Móra Éireann 2019-2024 arna maoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i gcrích agus cuireadh tús leis an obair ar Atlas na Snáthaidí Móra. Cuireadh 3,087 taifead ar shnáthaidí móra agus béchuileanna isteach sa bhliain 2024, sin laghdú 33% ó 2023, arb í drochaimsir an tsamhraidh an chúis is dóichí leis. Ar bhonn carnach, bailíodh os cionn 22,000 taifead bailíochtaithe ó 2019-2023, a chlúdaíonn 90% de 1,000 cearnóg eangaí 10km atá ar fáil in Éirinn.

Rinneadh 172 suirbhé láithreáin san iomlán ar fud 18 contae, agus dhírigh 115 suirbhé, arna maoiniú an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus an tIonad um Shonraí agus Taifeadadh Comhshaoil (CEDaR) i dTuaisceart Éireann, ar ghnáthóga sléibhe a bhí faoi ghannionadaíocht roimhe seo, amhail Bratphortach agus Fraoch Fliuch Sléibhe. Taifeadadh 409 breathnóireacht de 14 speiceas sna suirbhéanna seo, agus cuireadh na comhairimh ísle i leith drochaimisire agus éagsúlacht speiceas níos ísle sna gnáthóga sléibhe sin.

## Fiosraigh Do Chladach!

Sa bhliain 2024, lean an tionscadal Fiosraigh do Chladach!, arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, le bonnlíne a fhorbairt do speicis mhuirí idirthaoideacha agus chósta in Éirinn agus ag an am céanna lean sé de bheith ag feidhmiú mar ardán d'eolaíocht saoránach na bithéagsúlachta muirí. Fuair an tionscadal 8,448 taifead nua ar speicis mhuirí (méadú 23% ó 2023), rud a thug an líon iomlán go 25,789 taifead bailíochtaithe de 783 speiceas ó 2,289 suíomh cósta ó 2019 i leith. Cuireadh sonraí isteach i dtacair sonraí náisiúnta, idirnáisiúnta agus de chuid an AE, ag cur bonn eolais ar fáil do mheasúnú ar tháscairí athrú aeráide agus cáilíochta uisce.

Rinneadh dul chun cinn ar fhorbairt liosta speiceas táscach le linn 2024, ag díriú ar speicis a bhfuil dáileadh srianta acu, iad siúd ina raibh leathnú nó cúngú ina raon ó bhonnlínte stairiúla, nó na speicis sin a bhfuil feineolaíocht ar leith acu. Chuidigh sonraí le speicis ionracha a rianú amhail an ascaid righin agus feamainn ghuaireach. Rinneadh dul chun cinn ar obair maidir le mapáil agus stóráil pholagáin limistéar gnáthóige féir mhara ar Léarscáileanna Bitheagsúlachta, rud a chuir ardán ar fáil chun faisnéis níos fearr a sholáthar maidir le monatóireacht ar cháilíocht uisce agus cur i bhfeidhm na Treorach Creata um Straitéis Mhuirí.

***Gníomh:*** *An Scéim Náisiúnta um Monatóireacht Pailneoirí a Bhainistiú*


***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *Sonraí cainníochtúla mionsonraithe a bheith againn ar stádas pailneoirí ar fud thírdhreach na hÉireann*

Lean an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta le cur i bhfeidhm na Scéime Monatóireachta Pailneoirí Náisiúnta sa bhliain 2024, agus rinneadh monatóireacht ar 40 suíomh sa bhliain 2024. Leis an scéim seo, mar aon le tionscnaimh eolaíochta saoránach atá ann cheana féin, beifear in ann measúnú iomlán a dhéanamh ar thionchar Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí amach anseo. Cinntítear leis freisin go mbeidh Éire chun tosaigh i gcur i bhfeidhm Thionscnamh Pailneoirí an AE. Tá an clár monatóireachta seo á chómhaoiniú ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léarscáil de suíomhanna monatóireachta pailneoirí 2024

**Cineál suíomh**

- Feirm deiríochta
- An-fheirmeoireacht mairteola
- Dianfheirmeoireacht mairteola
- Feirm measctha
- Curaíocht
- Dumhach liath
- Féarthalamh leathnádúrtha
- Coillearnach daire
- Móinteach tirim Eorpach
- Páirc uirbeach



CUSPÓIR STRAITÉISEACH 05

# Cumarsáid a dhéanamh faoin mBithéagsúlacht

***Gníomh:*** *Foilseacháin agus acmhainní eile a tháirgeadh chun cabhrú le hobair an Ionaid a chur in iúl agus tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar ghnéithe den bhithéagsúlacht*

***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *Feasacht níos fearr ar obair an Ionaid agus meas níos fearr ar shaincheisteanna bithéagsúlachta.*


Thug an tIonad faoi shraith fhairsing bealaí cumarsáide seachtracha chun lucht spéise a mhealladh i ngnéithe dá chlár oibre le linn 2024, rud a chabhraigh freisin le tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar bhithéagsúlacht agus ar thábhacht a caomhnaithe.

Is í iris Biodiversity Ireland an príomhbhealach cumarsáide seachtraí, agus foilsíodh dhá eagrán di sa bhliain 2024. Chuir an tIonad tús le nuachtlitir leictreonach mhíosúil freisin, ina dtugtar nuashonruithe rialta ar ghnéithe de chlár oibre an Ionaid.

Ina theannta sin, táirgeadh foilseacháin agus acmhainní mar thorthaí ó go leor de chláir oibre téamacha an Ionaid, go háirithe i ndáil leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus Speicis Ionracha. I measc na bpríomhthorthaí bhí -

- Treoir aitheantais do speicis phlandaí ionracha rialáilte na hÉireann
- Plean Gníomhaíochta maidir le Conairí Speiceas Ionrach
- Pailneoirí Neamhchoitianta a Chosaint: Leamhan Foraoise
- Teimpléad Comharthaíochta Leamhan Foraoise
- Póstaer Leamhan Foraoise
- Pailneoirí Neamhchoitianta a Chosaint: Beach Charda Chaoldoird
- Teimpléad Comharthaíochta Beach Charda Chaoldoird
- Póstaer Beach Charda Chaoldoird
- Pobail Áitiúla: Gníomhartha chun Cabhrú le Pailneoirí (Treoirlínte nuashonraithe)
- Treoirlíne pobail áitiúla - leagan Gaeilge
- Grafaic eolais ar bhuntáistí fálta sceach
- Grafaic eolais ar fhálta sceach le linn na séasúr
- Bileog eolais ar Conas Fál Sceach a Thacaíonn le Pailneoirí a Chur
- Gnólachtaí: Gníomhartha chun Cabhrú le Pailneoirí (Treoirlínte nuashonraithe)
- Leabhrán Conairí Éiceolaíochta le haghaidh Pailneoirí
- Bileog eolais ar mhóinéar gearrbhláthach a chruthú
- Beacha Saoir na hÉireann (PDF simplí)
- Cúrsa ar líne: Feirmeoireacht a thacaíonn le pailneoirí

## Biodiversity Ireland Magazine








Eagrán 25 Fómhar/
Geimhreadh 2023






Eagrán 27 Fómhar/
Geimhreadh 2024




Treoir sainaithint don speiceas planda ionrach atá á rialú in Éirinn.




pollinators.ie/resources/

## Maoiniú Tionscadal

Rinneadh dul chun cinn ar chuid mhór d'obair an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta sa bhliain 2024 trí mhaoiniú tionscadal-sonrach arna sholáthar ag eagraíochtaí comhpháirtíochta a roghnaigh leas a bhaint as na sainseirbhísí arna soláthar ag an Ionad. Táimid buíoch ach go háirithe den NPWS, den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, don Tionscnamh Oileáin Chomhroinnte agus don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil as na tionscadail sin a mhaoiniú, lena n-áiríodh an Scéim Náisiúnta Monatóireachta Pailneoirí, an Tionscnamh um Speicis Ionracha agus Bithshlándáil an Oileáin Chomhroinnte, an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí agus na tionscnaimh Fiosraigh do Chladach! agus Snáthaidí Móra Éireann.

NPWS An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra National Parks and Wildlife Service

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture Food and the Marine

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage

NIEA Northern Ireland Environment Agency www.daera-ni.gov.uk

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

epa Environmental Protection Agency An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 05

# Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta atá nuálach, sofhreagrúil agus cuntasach a fhorbairt

***Gníomh:*** *A chinntiú go bhfuil struchtúir, beartais agus nósanna imeachta rialachais mhaithe ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta atá oiriúnach do Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta*

***An tairbhe a bhfuiltear ag súil léi:*** *A chur ar chumas an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a bheith nuálach, sofhreagrúil agus cuntasach i gcur i gcrích a chuid oibre.*

Le linn 2024, d'fhorbair an chuideachta a struchtúir rialachais, agus chomhaontaigh sí sraith beartas agus nósanna imeachta a bheadh oiriúnach do Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta dá méid. Rinneadh dul chun cinn orthu sin ag an am céanna le forbairt Plean Straitéiseach 2024-2028 an Ionaid, sainaithint riachtanais na heagraíochta chun go mbeimid in ann ár Straitéis a chur i gcrích, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith seirbhísí digiteacha agus táirgí sonraí atá á dtairiscint ag an Ionad.

Luach lárnach den chuideachta is ea glacadh le nuálaíocht agus spreagtar é i ngach gné d'obair an Ionaid. Is i réimse na teicneolaíochta a bhfuil an gá is mó don nuálaíocht, go háirithe maidir le faisnéisíocht na bithéagsúlachta. Sa bhliain 2024, chuir an chuideachta measúnú oiriúnachta úsáide i gcrích ar chruach teicneolaíochta agus bogearraí an Ionaid, rinne sí taighde ar fhorbairtí bogearraí le déanaí, agus shainaithin sí iad, agus chuir sí obair shuntasach i gcrích ar fhorbairt Phlean Bhonneagar Dhigitigh Tosaíochta don Ionad, atá le comhaontú sa bhliain 2025.

Chun solúbthacht na foirne a chinntiú, thug an chuideachta beartais nua isteach chun forbairt ghairmiúil na foirne a chur chun cinn maidir le hoiliúint éiceolaíoch, freastal ar chomhdhálacha agus ballraíocht i gComhlachtaí Gairmiúla. Tugadh iad sin isteach chun tacú le riachtanais foghlama agus forbartha na foirne agus chun iad a spreagadh chun bheith ar an eolas faoi fhorbairtí atá ag teacht chun cinn ina réimsí saineolais.

Chun cuntasacht a chinntiú, d'fheidhmigh an chuideachta a Lámhleabhair Rialachais agus Fostaithe agus chloígh sí leo agus í i mbun a feidhmeanna agus a hoibríochtaí a chur i gcrích. Áiríodh leis sin Sceideal na n-ábhar a choinnítear do chinntí an Bhoird a fhorbairt. Cuireadh tús le beartais agus próisis maidir le hiniúchadh inmheánach agus seachtrach, forbraíodh clár riosca, agus d'fhaomh an Bord na beartais seo a leanas:

- Beartas Oibre Aonair
- Beartas Cárta Creidmheasa
- Beartas Cúlchistí
- Beartas Soláthair
- Beartas Sócmhainní Seasta, agus
- Beartas Taistil agus Éileamh.

# Struchtúr, Rialachas agus Bainistíocht

## Ballraíocht an Bhoird amhail an 31ú Nollaig 2024

*Amhail an 31ú Nollaig 2024, bhí naonúr stiúrthóir, ceathrar comhaltaí boird baineann (44%) agus cúigear comhaltaí boird fireann (56%) ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.*



### John McCarthy

(Cathaoirleach) (Ceapadh é ar an 5ú Nollaig 2022). Is iar-Rúnaí Ginearálta na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil é. Tá sé tar éis obair i réimse ról ar fud an Rialtais lena n-áirítear sa Roinn Coimirce Sóisialaí agus sa Roinn Airgeadais. Tá roinnt post neamh-fheidhmiúcháin aige faoi láthair, lena n-áirítear fónamh mar Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála agus mar chomhalta de Bhord Údarás Rialála na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.



### An tOllamh Yvonne Buckley

(Ainmní na Comhairle Oidhreachta - Ceapadh í an 5ú Nollaig 2022). Is Ollamh le Zó-eolaíocht i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Comhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann agus d'Academia Europaea í, agus is Buaiteoir í de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn. Tá sí ina comhstiúrthóir ar Nature+, ionad Choláiste na Tríonóide um Bhithéagsúlacht agus Réitigh Inbhuanaithe Dúlrabhunaithe, agus tá sí i gceannas ar fhoireann taighdeoirí agus mac léinn atá ag iarraidh tuiscint a fháil ar na príomhrudaí atá taobh thiar de phróisis phobal ainmnithe agus plandaí i ndomhan atá ag athrú go tapa. .



### Colette Byrne

Is iar-Phríomhfheidhmeannach le Comhairle Contae Chill Chainnigh í Colette Byrne (Ainmní na Comhairle Oidhreachta - Ceapadh í an 5ú Nollaig 2022), agus bhí sí ina Príomhfheidhmeannach i gComhairle Contae Uíbh Fhailí chomh maith. Tá sí tar éis oibriú i ngach réimse de sheirbhísí Rialtais Áitiúil le húdaráis uirbeacha agus tuaithe agus tá suim ar leith aici in áiseanna a sholáthar, in athghiniúint agus athearraíocht a bhaint as seanfhoirgnimh.



### Ciara Carberry

(Ainmní na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta - Ceapadh í an 5ú Nollaig 2022). Is í Stiúrthóir Caomhnaithe an Dúlra leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Is státseirbhíseach sinsearach í Ciara a bhfuil neart taithí aici i gceapadh beartais, reachtaíocht agus rialachas. Tá bunchéimeanna agus iarchéimeanna aici sa Luibheolaíocht agus in Eolaíocht an Chomhshaoil ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



### An Dr. Micheál Lehane

(Ainmní na Roinne Comhshaoil, Athrú Aeráide agus Cumarsáide - Ceapadh é an 5u Nollaig 2022). Is Stiúrthóir ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil é agus tá sé i gceannas ar Oifig um Chosaint Radaíochta agus Monatóireacht Chomhshaoil an GCC faoi láthair. Tá Micheál ina Chathaoirleach ar Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú freisin. Is céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh é.



### An Dr. Colm Lordan

(Ainmní na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara - Ceapadh é an 5ú Nollaig 2022). Is é Cathaoirleach Choiste Comhairleach na Comhairle Idirnáisiúnta im Thaiscéalaíocht na Mara (ICES). Roimhe seo, bhí sé ina bhainisteoir ar Chomhairle Chomhtháite Iascaigh agus Éiceachórais i bhForas na Mara i nGaillimh, áit ar oibrigh sé ar feadh breis is 25 bliain ag forbairt measúnaithe agus comhairle ar iascaigh agus éiceachórais mhuirí.



### An Dr. James Moran

(Ainmní na Comhairle Oidhreachta - Ceapadh é an 5ú Nollaig 2022). Is léachtóir sinsearach é sa Bhitheolaíocht agus san Éiceolaíocht i Roinn na nAcmhainní Nádúrtha agus an Chomhshaoil ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Gaillimh. Tá sé i gceannas ar an ngrúpa taighde um Éiceolaíocht Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe (ARD). Tá James ag obair i réimse na héiceolaíochta feidhmí agus na bainistíochta talmhaíochta- comhshaoil le breis is 20 bliain mar chomhairleoir, taighdeoir agus acadóir, agus díríonn sé ar chórais talmhaíochta inbhuanaithe ina bhfuil béim ar leith ar an gComhbheartas Talmhaíochta agus ar bheartas agus cleachtas talmhaíochta-comhshaoil a fheabhsú.



### Maura Brennan

(Ainmní na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta - (Ceapadh í an 21ú Nollaig 2022). Is í Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Tionscadail Acorn, eagraíocht neamhbhrabúis a chuireann cláir foghlama agus folláine dúlrabhunaithe ar fáil a chumhachtaíonn pobail chun beart a dhéanamh maidir le hathchóiriú éiceolaíoch trí cheangal a dhéanamh arís lena spásanna fiáine áitiúla. Is oideoir, cleachtóir scoil foraoise, luibheolaí, bailitheoir bia fiáin agus treoraí teiripe foraoise í Maura a bhfuil cúlra aici i rannpháirtíocht phoiblí agus i socheolaíocht.



### Tom Medlycott

(Ainmní na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara – Ceapadh é an 8ú Deireadh Fómhair 2024). Is iar-Chigire Sinsearach é leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Bhí réimse leathan ról sinsearach aige san eagraíocht sin i réimsí lena n-áirítear Iniúchadh Inmheánach, an Rannóg Rialaithe Lotnaidicídí, Acmhainní Daonna agus an Rannóg Dúlra agus Úsáide Talún. Tá feirm theaghlaigh mheasctha i gContae Chill Mhantáin á bainistiú aige anois. Tá bunchéim agus iarchéim ag Tom san Eolaíocht Talmhaíochta ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá sé cáilithe le Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte. Tháinig Tom in áit Ted Massey mar ainmní na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara nuair a d'éirigh Ted as an mBord ar an 30 Bealtaine 2024.

Bhí na naoi stiúrthóirí atá liostaithe thuas ar Bhord an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta amhail an 31 Nollaig 2024. D'éirigh an deichiú stiúrthóir, ***Geraldine Tallon***, as an mBord nuair a chríochnaigh sí a conradh dhá bhliain ar an 4 Nollaig 2024. Bhí an próiseas chun an folúntas iarmhartach a líonadh faoi lán seoil ag deireadh na bliana.

# Coistí

*Sa bhliain 2024, bhí trí fhochoiste ag Bord an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta - Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca, Coiste Straitéise agus Rialachais, agus Coiste Comhairleach Eolaíochta.*

## An Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca

Ba iad seo a leanas na stiúrthóirí a bhí ar an gCoiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca le linn na bliana 2024 (mura sonraítear a mhalairt):

**Colette Byrne** (***Cathaoirleach***)
**Micheál Lehane**
**Ted Massey** (*D'éirigh sé as 30 Bealtaine 2024*)
**Tom Medlycott** (***Ceapadh é 8 Deireadh Fómhair 2024***)

Is é an ról atá ag an gCoiste ná an Bord a thacú lena chuid freagrachtaí maidir le hiniúchóireacht, airgeadas agus riosca trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht cinnteachtaí cuí maidir le riachtanais cinnteachtaí an Bhoird a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus macántacht na gcinnteachtaí seo. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca le chéile ocht n-uaire le linn na bliana 2024. Bhí cruinniú amháin den Choiste ar siúl go pearsanta ag áitribh NBDC, agus bhí na cruinnithe go léir eile ar siúl ar líne.

## An Coiste Straitéise agus Rialachais

Ba iad seo a leanas na stiúrthóirí a bhí ar an gCoiste Straitéise agus Rialachais le linn na bliana 2024 (mura sonraítear a mhalairt):

**Geraldine Tallon** (***Cathaoirleach***)
(***D'éirigh sí as 4 Nollaig 2024***)
**John McCarthy**
**Ciara Carberry**
**Maura Brennan**

Is é ról an Choiste tacú leis an mBord lena chuid freagrachtaí maidir le treo straitéiseach fadtéarmach na cuideachta a leagan amach, dul chun cinn lena sholáthar a rianú, agus ag cinntiú go gcomhlíonann an chuideachta na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach. Chruinnigh an Coiste Straitéise agus Rialachais ceithre huaire le linn na bliana 2024, agus bhí na cruinnithe ar fad ar líne.

## An Coiste Comhairleach Eolaíochta

Ba iad seo a leanas na stiúrthóirí a bhí ar an gCoiste Comhairleach Eolaíochta le linn na bliana 2024:

**Yvonne Buckley** (***Cathaoirleach***)
**James Moran**
**Colm Lordan**

Is é ról an Choiste tosaíochtaí a aithint don soláthar fianaise agus sonraí mar thacaíocht do sholáthar Phlean Straitéiseach na cuideachta agus maoirseacht a dhéanamh ar ábhar eolaíochta an tsoláthair cláir. Chruinnigh an Coiste Comhairleach Eolaíochta cúig huaire le linn na bliana 2024, agus bhí na cruinnithe ar fad ar líne.

## Tinreamh ar chruinniú Boird agus Coiste

Leagtar amach mar seo a leanas sceideal de thinreamh Stiúrthóirí ar chruinnithe Boird agus fochoiste don tréimhse 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

**Tinreamh ag Cruinnithe an Bhoird agus an Fhochoiste - 1 Eanáir 2024 go dtí 31 Nollaig 2024**

| Ainm | Bord | An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais | An Coiste Straitéise agus Rialachais | An Coiste Comhairleach Eolaíochta |
|---|---|---|---|---|
| Líon Cruinnithe | 7 | 8 | 4 | 5 |
| John McCarthy | 7 | N/A | 4 | N/A |
| Geraldine Tallon | 4 | N/A | 4 | N/A |
| Colette Byrne | 5 | 8 | N/A | N/A |
| Ciara Carberry | 7 | N/A | 2 | N/A |
| Micheál Lehane | 7 | 8 | N/A | N/A |
| James Moran | 6 | N/A | N/A | 5 |
| Colm Lordan | 4 | N/A | N/A | 4 |
| Yvonne Buckley | 6 | N/A | N/A | 5 |
| Maura Brennan | 7 | N/A | 3 | N/A |
| Ted Massey | 1 | 5 | N/A | N/A |
| Tom Medlycott | 1 | 1 | N/A | N/A |

| | |
|---|---|
| Notes: | Ceapachán Foirmiúil Tom Medlycott 8 Deireadh Fómhair 2024<br>Éirí as foirmiúil Ted Massey 30 Bealtaine 2024<br>Éirí as foirmiúil Geraldine Tallon 4 Nollaig 2024 |

## Coinbhleachta leasa

Iarradh ar dhearbhuithe ar aon choinbhleacht leasa ag tús gach cruinnithe Boird agus Coiste le linn na bliana. Níor luadh aon choinbhleachta leasa.

# Struchtúr eagraíochta

Chomhaontaigh an Bord agus chuir sé tús le struchtúr eagraíochta a bhunú atá oiriúnach don fheidhm don chuideachta nua. Tá sé struchtúrtha timpeall an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ag treorú foirne de thriúr Bainisteoirí Sinsearacha a bhfuil freagracht orthu as trí stiúrthóireacht - Airgeadas agus Rialachas; Seirbhísí Eolaíochta agus Digiteacha, agus tá freagracht ar Bhainisteoirí Cláir agus Oifigigh Tionscadail as obair tionscadail an Ionaid a sholáthar. Bhí an príomh-fhás i bhfoireann an Ionaid sa bhliain 2024 dírithe ar bhunú Aonad Speiceas Ionrach chun clár fairsing a sholáthar maidir le hobair ar speicis choimhthíocha ionracha. Ag deireadh na bliana 2024, b'ionann líon na foirne san Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus 21. i gcomparáid le 12 ag deireadh na bliana 2023.

- **Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta** — An mBord Stiúrthóirí
  - **An Dr. Liam Mac Giolla Iasachta** — Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
    - **An Dr. Úna Nic Giolla Phádraig** — Príomhoifigeach Eolaíochta
      - **John Kelly** — Bainisteoir Cláir na Speiceas Ionrach
        - **Colette O'Flynn** — Oifigeach Speiceas Ionrach
        - **Kate Moore** — Oifigeach Rannpháirtíochta Speiceas Ionrach
        - **Ann Haigh** — Oifigeach Anailíse Riosca agus Teagmhas maidir le Speicis Ionracha
        - **Rachel Hamill** — Oifigeach Eolaíochta Saoránaigh agus Bithshlándála na Speiceas Ionrach.
        - **Victoria Poppleton** — Oifigeach Speiceas Ionrach Muirí
      - **Kate Chandler** — Oifigeach Pailneoirí Pobal agus Rannpháirtíochta
      - **Ruth Wilson** — Oifigeach Pailneoirí Talún Feirme
      - **Sarah Kelly** — Oifigeach Gnó Talmhaíochta
      - **Dave Wall** — Oifigeach Eolaíochta Saoránaigh
      - **An Dr. Michelle Ní Lorcáin** — Oifigeach na Scéime Náisiúnta Monatóireachta ar Phailneoirí
      - **Owen Beckett** — Oifigeach Náisiúnta an Bhunachair Sonraí Feithidí
      - **An Dr. Tim Butter** — Oifigeach Monatóireachta Leamhán Feirmeoirí
      - **Rachel Hayden** — Oifigeach Oiliúna agus Rannpháirtíochta
    - **Jon Hawkins** — Ceann na Seirbhísí Digiteacha
      - **An Dr. Michelle Nic an Bhreithimh** — Bainisteoir Sonraí
      - **Oisín Duffy** — Oifigeach Suirbhéanna agus Taifead
    - **Risteárd Mac Giolla Teimhne** — Príomhoifigeach Oibriúcháin
      - **Irene Kilbride** — Oifigeach Oifige agus Tacaíochta Corparáidí

# Foireann ag deireadh na bliana 2024

*Sonraí faoi bhaill foirne liostaithe thíos:*

### An Dr. Liam Mac Giolla Iasachta

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

Oibríonn Liam leis an mBord chun treo straitéiseach an Ionaid a leagan amach agus tá freagracht fhoriomlán air as bainistíocht oibriúchán agus soláthar a chláir oibre. Is cláraitheoir gníomhach é agus tá suim ar leith aige sna féileacáin, éin agus mamaigh. Feidhmíonn sé mar Chathaoirleach na Saoráide Faisnéise Domhanda maidir leis an mBithéagsúlacht (GBIF). Níl an POF mar chomhalta den bhord.

### An Dr. Úna Nic Giolla Phádraig

**Príomhoifigeach Eolaíochta**

Tá Úna mar chomhalta den fhoireann ardbhainistíochta, agus tá freagracht uirthi as maoirseacht agus soláthar ábhair eolaíochta chlár oibre an Ionaid, agus tugann sí comhairle faoi eolaíocht bithéagsúlachta agus gníomhartha bunaithe ar fhianaise. Tá sí freagrach as forbairt an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus déanann sí maoirseacht air chomh maith.

### Risteárd Mac Giolla Teimhne

**Príomhoifigeach Oibriúcháin**

Tá Risteárd mar chomhalta den fhoireann ardbhainistíochta. Oibríonn sé go dlúth leis an mBord agus an POF maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí agus nósanna imeachta gnó agus cinntíonn sé dearadh agus soláthar sásúil gach seirbhíse corparáidí, lena n-áirítear airgeadas, soláthar, AD agus oibríochtaí Ionaid ginearálta.

### Jon Hawkins

**Ceann na Seirbhísí Digiteacha**

Ghlac Jon ballraíocht san fhoireann bainistíochta sa bhliain 2024 agus tá sé freagrach as comhordú fhorbairt fhoriomlán teicneolaíochtaí digiteacha an Ionaid agus as bonneagar TFC atá ag teastáil chun freastal ar riachtanais bainistíochta sonraí na cuideachta.

### Owen Beckett

**Oifigeach Náisiúnta an Bhunachair Sonraí Feithidí.**

Tá Owen freagrach as bunachair sonraí dhigiteacha feithidí a fhorbairt agus as cumas a fhorbairt le haghaidh taifead níos fearr ar fheithidí in Éirinn, chun ár saineolas ar fhána feithidí na hÉireann a fheabhsú.

### An Dr. Tim Butter

**Oifigeach Monatóireachta Leamhan Feirmeoirí.**

Ghlac Tim ballraíocht san fhoireann i mí Mheán Fómhair 2024 agus tá sé freagrach as scéim náisiúnta a bhunú, atá curtha ar fáil ag feirmeoirí, chun monatóireacht a dhéanamh ar leamhain ar thalamh feirme. Cuirfidh sé sin leis an monatóireacht atá ann cheana ar fheithidí pailnitheacha na hÉireann. Tá post Tim maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

### Kate Chandler

**Oifigeach Pobal agus Rannpháirtíochta an Phlean um Pailneoirí**

Tá Kate freagrach as rannpháirtíocht le pobail áitiúla chun tacú le gníomhartha pobail do phailneoirí agus iad a chomhordú. Maoinítear post Kate ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

### Oisín Duffy

**Oifigeach Suirbhéanna agus Taifead.**

Tá Oisín freagrach as Tairseach Eolaíocht Saoránach na hÉireann agus na próisis dearbhaithe sonraí le comhpháirtithe a bhainistiú. Cuireann sé tacaíocht ghníomhach ar fáil don líonra taifeadta chun cáilíocht agus cainníocht na sonraí a chuirtear isteach a fheabhsú.

### Ann Haigh

**Oifigeach Plean Gníomhaíochta um Chonairí Speiceas Ionrach**

Ghlac Ann ballraíocht san fhoireann i mí Iúil 2024 agus tá sí freagrach as clár oibre an Phlean Gníomhaíochta um Chonairí Speiceas Ionrach de chuid an Oileáin Chomhroinnte. Tacaíonn an ról le bainistíocht rioscaí a bhaineann le tabhairt isteach agus scaipeadh speiceas ionrach trí anailís conaire, cur in ord tosaíochta, agus comhordú Phleananna Gníomhaíochta um Chonair nua agus atá ann cheana. Tá post Ann maoinithe faoi Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte.

### Rachel Hamill

**Oifigeach Eolaíochta Saoránaigh agus Bithshlándála na Speiceas Ionrach.**

Ghlac Rachel ballraíocht san fhoireann i mí Iúil 2024 agus tá sí freagrach as an tionscadal eolaíochta saoránaigh faireachais agus monatóireachta ar speicis ionracha. Tá straitéis feasachta bithshlándála uile-oileáin á forbairt aici chomh maith agus tá sí ag obair le comhpháirtithe chun gníomhartha speiceas ionracha ar leibhéal dobharcheantair a chomhordú níos fearr. Tá post Rachel maoinithe faoi Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte.

## Rachel Hayden

**Oifigeach Oiliúna agus Rannpháirtíochta.**

Ghlac Rachel ballraíocht san fhoireann i mí Iúil 2024 agus tá sí freagrach as clár oiliúna fairsing a fhorbairt chun cumas a fhorbairt ar fud na hearnála bithéagsúlachta, agus chun gníomhaíochtaí rannpháirtíochta seachtracha a fheabhsú.

## An Dr. Michelle Nic an Bhreithimh

**Bainisteoir Sonraí agus Bainisteoir Nóid GBIF.**

Tá Michelle freagrach as an mBunachar Sonraí Náisiúnta don Bhithéagsúlacht a choinneáil agus as sonraí bithéagsúlachta a fhoilsiú trí Léarscáileanna Bithéagsúlachta. Chomh maith leis sin, tá sí i gceannas ar na Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta agus an anailís sonraí do Scéim Monatóireachta Féileacán na hÉireann. Tá Michelle mar Bhainisteoir Nóid na Saoráide Faisnéise Domhanda maidir leis an mBithéagsúlacht in Éirinn.

## John Kelly

**Bainisteoir Cláir na Speiceas Ionrach.**

Ghlac John ballraíocht san fhoireann i mí Meithimh 2024 agus tá sé freagrach as soláthar foriomlán chlár oibre an Ionaid ar speicis ionracha. Mar chuid de seo, tá John ag forbairt agus ag déanamh maoirseacht ar chur i bhfeidhm cláir oibre fhairsing, lena n-áirítear Plean Téama Speiceas Ionrach, Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte ar an mBithshlándáil agus Speicis Ionracha agus tionscadal Speiceas Neamhdhúchasach agus Ionrach Mara agus Cósta.

## Sarah Kelly

**Oifigeach Gnó Talmhaíochta.**

Tá Sarah ag oibriú chun tacaíocht a thabhairt do Chuideachtaí Origin Green chun bearta bithéagsúlachta a sholáthar chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Tá post Sarah páirtmhaoinithe ag Bord Bia.

## Irene Kilbride

**Oifigeach Oifige agus Tacaíochta Corparáidí.**

Ghlac Irene ballraíocht san fhoireann i mí Iúil 2024 agus tá sí freagrach as gach gné d'oibríochtaí oifige a bhainistiú. Tá sí freagrach as gníomhaíochtaí fáilteachais agus pléann sí le fiosrúcháin ón bpobal, agus cuireann sí tacaíocht chorparáideach ar fáil do Chathaoirleach agus Bhord an Ionaid.

## An Dr. Michelle Ní Lorcáin

**Oifigeach na Scéime Náisiúnta Monatóireachta ar Phailneoirí**

Tá Michelle freagrach as an Scéim Náisiúnta Monatóireachta ar Phailneoirí a bhainistiú. Bailíonn an creat náisiúnta monatóireachta seo sonraí maidir le dáileadh, stádas caomhnaithe agus treochtaí phailneoirí feithidí ar fud na hÉireann. Tá post Michelle maoinithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

## Kate Moore

**Oifigeach Rannpháirtíochta Speiceas Ionrach.**

Ghlac Kate ballraíocht san fhoireann i mí Bealtaine 2024 agus tá sí freagrach as clár rannpháirtíochta speiceas coimhthíoch ionrach a fhorbairt agus a sholáthar. Is éard atá i gceist leis seo ná caidreamh a bhunú lenár bpríomhchomhpháirtithe agus earnálacha éagsúla chun gníomhartha a chomhordú a ghlactar chun an tionchar ar speicis choimhthíocha ionracha a mhaolú in Éirinn. Maoinítear post Kate ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

## Colette O'Flynn

**Oifigeach Speiceas Ionrach.**

Bainistíonn Colette an Bunachar Sonraí Náisiúnta faoi Speicis Ionracha, comhordaíonn sí sonraí agus faisnéis faoi speicis ionracha, agus cuireann sí comhairle agus tacaíocht beartais ar fáil ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach. Comhordaíonn sí riachtanais tuairiscithe d'Éirinn faoi Rialacháin Speiceas Ionracha an AE.

## Victoria Poppleton

**Oifigeach Speiceas Ionrach Muirí.**

Ghlac Victoria ballraíocht san fhoireann i mí Iúil 2024 agus tá sí freagrach as an gclár oibre Speiceas Neamhdhúchasach agus Ionrach Mara agus Cósta. Tá plean bainistíochta straitéiseach á fhorbairt aici d'Éirinn agus tá clár Faireachais agus Monatóireachta á fhorbairt aici do cheantair mhara agus chósta. Tá post Victoria maoinithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## Dave Wall

**Oifigeach Eolaíochta Saoránaigh.**

Tá Dave freagrach as na tionscadail eolaíochta saoránaigh Fiosraigh Do Chladach! agus Snáthaidí Móra Éireann 2019-2024. Tá sé i gceannas chomh maith ar chlár oibre an Ionaid ar eolaíocht saoránach a fhorbairt agus ar gach gníomhaíocht bithéagsúlachta mara. Tá post Dave maoinithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

## Ruth Wilson

**Oifigeach Pailneoirí Talún Feirme.**

Tá Ruth freagrach as gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm sa Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí a bhaineann le tailte feirme a dhéanamh níos oiriúnaí do phailneoirí. Tá post Ruth maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

# Eolas Ginearálta

**An tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta:**

- Teach Ghort na Feá, Campas Thiar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Cloch an Óir, Port Láirge X91PE03
- 051-306240
- www.biodiversityireland.ie
- Info@biodiversityireland.ie

**Rúnaí na Cuideachta**

ByrneWallace Corporate Secretaries Limited
(Ceapadh 5 Nollaig 2022)

**Iniúchóirí**

Grogan Ryan Chartered Accountants,
- Cúirt Durand, 7 Sráid Parnell, Port Láirge

**Iniúchóirí Inmheánacha**

Gilligan & Co. Chartered Accountants
- Teach Thobar an Airgid, Bóthar Phádraig, Gleann na Léime, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann

**Baincéirí**

Banc na hÉireann,
- 60 Cé Uí Mheachair, Port Láirge

**Dlíodóirí**

ByrneWallace Solicitors,
- 88 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

# Próisis rialachais

**Stádas Carthanais**

I mí Mheán Fómhair 2024, chuir an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta iarratas isteach faoi bhráid an Rialálaí Carthanas. Bhí an t-iarratas fós ag dul ar aghaidh ag deireadh na bliana.

**Bainistíocht Riosca**

Sa bhliain 2024, cuireadh le chéile ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta clár riosca cuimsitheach chun rioscaí féideartha a d'fhéadfadh tarlú a aithint agus a bhainistiú. Cuireadh na catagóirí riosca a leanas i bhfeidhm ar an gclár; Rialachas, Straitéiseach, Comhlíonadh, Oibríochtúil, Airgeadas, Comhshaoil nó Seachtrach, agus Cáil. Aithníodh rioscaí aonair faoi na ceannteidil ghinearálta seo, agus sannadh úinéir dóibh ag leibhéal na bainistíochta chun freagracht a ghlacadh as gach riosca aonair. Rinneadh measúnú ar gach riosca agus tugadh grád dóibh maidir le dóchúlacht, tionchar agus ceannais. Luadh gníomhartha maolaitheacha faoi gach riosca aonair lena chinntiú go nglacadh gníomh ceartaitheach chun an tionchar a mhaolú, más rud é go mbeadh riosca ann.

Is mír bhuan ar chlár cruinnithe é an clár riosca ar gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca, agus chomh maith leis sin, cuirtear faoi bhráid an Bhoird é le hathbhreithniú ar bhonn ráithiúil.

Tá beartas Bainistíochta Riosca á chur le chéile ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, agus cuirfear i gcrích é go luath sa bhliain 2025.

**Soláthar**

Tá beartas soláthair forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta le haghaidh gach leibhéil ceannacháin. Leagtar amach sa bheartas nósanna imeachta agus teorainneacha faofa a chinntíonn go gcomhlíonann gach feachtas soláthair le rialacha agus treoirlínte reatha, mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

**Iniúchadh Inmheánach**

Tugann an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta páirt do chleachtas cuntasaíochta seachtrach,Gilligan & Co. Chartered, chun iniúchadh inmheánach leathbhliantúil a dhéanamh. Bhí an chéad iniúchadh inmheánach de chuid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ar siúl i mí Mheán Fómhair 2024. Is éard a bhí i gceist leis an iniúchadh inmheánach ná athbhreithniú ar na hoibríochtaí, agus fócas ar leith ar thimpeallachtaí airgeadais agus rialaithe inmheánaigh. Bhí torthaí dearfacha agus moltaí fiúntacha mar thoradh air seo agus cuireadh i bhfeidhm iad ó shin.

**Sáruithe ar Shonraí**

Ní raibh aon sháruithe ar shonraí ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta le linn na bliana 2024.

## AGUISÍN 1 -

# Ráitis Airgeadais Iniúchta

*Uimhir chláraithe na cuideachta: 730718*

**An tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta**
*Ag Trádáil mar an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta*
*(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta agus gan Scairchaipiteal aici)*

*Ráitis airgeadais don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2024*

# Stiúrthóirí agus faisnéis eile

### Stiúrthóirí
An tUasal John McCarthy
An Iníon Maura Brennan
An Iníon Geraldine Tallon (D'éirigh sí as 04/12/2024)
An tUasal James Moran
An Iníon Colette Byrne
An Iníon Ciara Carberry
An Iníon Yvonne Buckley
An tUasal Micheál Lehane
An tUasal Colm Lordan
An tUasal Tom Medlycott
An tUasal Edward Massey (D'éirigh sé as 28/05/24)

### Rúnaí
ByrneWallace Corporate Secretaries Limited

### Uimhir na cuideachta
730718

### Oifig chláraithe
Beechfield House
Campas Thiar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheisci
Cloch an Óir
Port Láirge
X91PE03

### Seoladh gnó
Beechfield House
Campas Thiar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheisci
Cloch an Óir
Port Láirge
X91PE03

### Iniúchóir
Grogan Ryan Chartered Accountants
7 Cúirt Durand
Sráid Parnell
Port Láirge

### Baincéirí
Banc na hÉireann
60 Cé Uí Mheachair
Cathair Phort Láirge
Port Láirge

### Dlíodóirí
ByrneWallace Solicitors
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

# TUARASCÁIL NA Stiúrthóirí

*Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta na cuideachta i láthair don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2024.*

**Stiúrthóirí**
Is iad seo a leanas ainmneacha na ndaoine a bhí, ag am ar bith le linn na bliana airgeadais, stiúrthóirí na cuideachta:

An tUasal John McCarthy
An Iníon Maura Brennan
An Iníon Geraldine Tallon (D'éirigh sí as 04/12/2024)
An tUasal James Moran
An Iníon Colette Byrne
An Iníon Ciara Carberry
An Iníon Yvonne Buckley
An tUasal Micheál Lehane
An tUasal Colm Lordan
An tUasal Tom Medlycott
An tUasal Edward Massey (D'éirigh sé as 28/05/24)

ByrneWallace Corporate Secretaries Limited a bhí mar rúnaí le linn na bliana airgeadais. Ní raibh aon athruithe ar scairshealbha idir an 31 Nollaig 2024 agus dáta shíniú na ráiteas airgeadais. De réir an Bhunreachta, d'fhéadfadh go mbeadh ar na stiúrthóirí éirí as ar iarratas ón gcomhlacht ainmnithe dá c(h)uid. Ní féidir athrú a dhéanamh ar líon na Stiúrthóirí nó ar chomhdhéanamh an Bhoird ach amháin le faomhadh na Comhairle Oidhreachta agus an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**Príomh-ghníomhaíochtaí**
Is í príomh-ghníomhaíocht na cuideachta sonraí maidir le bithéagsúlacht na hÉireann a fháil, a chur i dtoll a chéile, a bhainistiú, a dhearbhú agus a chur ar fáil chun tacú le tionscnaimh náisiúnta chun an bhithéagsúlacht a choinneáil agus a fheabhsú, lena n-áirítear faisnéis maidir le speiceas agus gnáthóg a bhaineann leis na timpeallachtaí trastíre, fionnuisce, mara, abhann agus bogaigh a thaifeadadh. Tá an chuideachta seo faoi theorainn ráthaíochta agus gan scairchaipiteal aici. Ní raibh aon athruithe suntasacha ar na gníomhaíochtaí seo le linn na bliana airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2024.

**Díbhinní**
Le linn na bliana airgeadais, níor íoc na stiúrthóirí aon díbhinní nó íocaíocht mholta díbhinne deiridh.

**Imeachtaí i ndiaidh dheireadh na tréimhse tuarascála**
Ní raibh aon imeachtaí suntasacha a ndeachaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana airgeadais.

**Ranníocaíochtaí Polaitiúla**
Níor thug an chuideachta aon síntiúis pholaitiúla nochta sa tréimhse airgeadais reatha (2023 €0).

**Forbairtí Amach Anseo**
Tá sé beartaithe ag an gcuideachta clárú go foirmiúil leis an Rialálaí Carthanas, agus tá sé mar aidhm aici an próiseas atá ar siúl a chur i gcrích chun stádas carthanais a fháil agus ina dhiaidh sin, cuirfidh sí iarratas isteach ar dhíolúine ó cháin chorparáide leis na Coimisinéirí Ioncaim.

**Taifid chuntasaíochta**
Lena chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta shásúla de réir Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014, d'fhostaigh na stiúrthóirí pearsanra cuntasaíochta atá cáilithe go cuí agus choinnigh siad córais chuntasaíochta chuí ar ríomhaire. Tá na taifid chuntasaíochta le fáil ag oifig na cuideachta ag Teach Ghort na Feá, Campas Thiar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Cloch an Óir, Port Láirge, X91 PE03.

**Faisnéis iniúchta cuí**
I gcás gach duine atá mar stiúrthóir nuair a fhaomhtar an tuarascáil seo de réir alt 332 d'Acht na gCuideachtaí 2014:

- go bhfios do gach stiúrthóir, níl aon fhaisnéis iniúchta chuí ann nach bhfuil ar eolas ag iniúchóirí reachtúla na cuideachta, agus
- tá gach céim glactha ag gach stiúrthóir ba chóir dó/di a ghlacadh mar stiúrthóir chun í/é féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta chuí agus le deimhniú go bhfuil an fhaisnéis sin ar eolas ag iniúchóirí reachtúla na cuideachta .

**Iniúchóirí**
D'éirigh na hiniúchóirí roimhe sin, O'Neill Foley Chartered Accountants, as ar an 01/01/2025. Ceapadh Grogan Ryan Chartered Accountants mar iniúchóirí ar an 01/01/25 agus chuir siad a dtoilteanas in iúl leanúint de bheith san oifig de réir fhorálacha alt 383(2) de chuid Acht na gCuideachtaí 2014.

Faomhadh an tuarascáil seo ag an mbord stiúrthóirí ar an 16 Meitheamh 2025 agus síníodh é thar ceann an bhoird ag:

*An tUasal John McCarthy*
Stiúrthóir

*An Iníon Colette Byrne*
Stiúrthóir

# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ an Stiúrthóra

*Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí agus rialachán bainteach na hÉireann.*

Éilíonn dlí cuideachtaí na hÉireann go n-ullmhaíonn ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais. De réir an dlí, chinn na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 "An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme san RA agus Poblacht na hÉireann" arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. De réir dlí na gcuideachtaí, ní mór do na stiúrthóirí gan na ráitis airgeadais a fhaomhadh, ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais agus seachas sin, go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm i gcónaí;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta agus críonna;
- a rá cé acu a bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus an éifeacht agus na cúiseanna a bhaineann le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a luadh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh sa ghnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta taifid chuntasaíochta shásúla a thugann míniú ceart agus taifead ar idirbhearta na cuideachta, go ligeann sí dóibh, am ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta le cinneadh le cruinneas réasúnta, go ligeann sí dóibh a chinntiú go gcomhlíonann ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014 agus gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus mar sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh maidir le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

## Nochtadh Faisnéise le hIniúchóir

Dearbhaíonn gach duine atá mar stiúrthóir ag dáta an fhaofa:

- nach bhfuil aon fhaisnéis iniúchta chuí (faisnéis a theastaíonn ó iniúchóir na cuideachta maidir le tuarascáil an iniúchóra a ullmhú) nach bhfuil ar eolas ag iniúchóir na cuideachta, agus
- gur ghlac stiúrthóirí gach céim ba chóir dóibh chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta chuí agus le deimhniú go bhfuil iniúchóir na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin

# Tuarascáil ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

## Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (an 'chuideachta') don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2024 agus ina measc, tá an cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas ar ioncam agus tuilleamh coinnithe, clár comhardaithe agus nótaí leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha a leagtar amach i nóta 3. Is é an creat um thuairisciú airgeadais atá curtha i bhfeidhm ina n-ullmhúchán ná dlí na hÉireann agus FRS 102 An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa RA agus Poblacht na hÉireann.

Inár dtuairim féin, maidir leis na ráitis airgeadais:

- tugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a brabús don bhliain airgeadais dar críoch ar an dáta sin;
- d'ullmhaigh siad i gceart de réir FRS 102 An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa RA agus Poblacht na hÉireann; agus
- d'ullmhaigh siad de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

## Bunús na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (ISAnna (Éire)) agus de réir an dlí infheidhme. Déantar cur síos a thuilleadh ar ár bhfreagrachtaí de réir na gcaighdeán sin sa chuid freagrachtaí an iniúchóra maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais inár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ón gcuideachta de réir na riachtanas eiticiúil a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus na forálacha atá ar fáil d'eintitis bheaga, sna cúinsí a leagtar amach i nóta 12 leis na ráitis airgeadais, agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile de réir na riachtanas seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuaireamar leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur ar fáil dár dtuairim.

## Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na ceisteanna a leanas a n-éilíonn ISAnna (Éire) orainn tuairisciú a dhéanamh duit:

- Níl sé oiriúnach gur baineann na Stiúrtheoirí úsáid as an bunús cuntasaíocht gnó ag dul ar aghaidh nuair atá na ráiteas airgead á ullmhú, nó;
- Níor fhoilsigh na Stúirtheoirí sna ráiteas airgideas aon éiginnteacht ábharach a d'fhéadfadh amhras a chur ar cumas an comhlacht lean ar aghaidh le gnóthas leanant don tréimhse 12 mí ar a laghad ón dáta a raibh na ráiteas airgideas ceadaithe a eisiúint.

## Faisnéis Eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as faisnéis eile. Comhdhéanann an fhaisnéis eile an fhaisnéis atá sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra ina thaobh. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas an mhéid a luaitear a mhalairt go soiléir inár dtuarascáil, ní léirímid aon chineál conclúid cinnteachta ina thaobh.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá freagracht orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, leis sin a dhéanamh, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go bunúsach leis na ráitis airgeadais nó ár saineolas a fuarthas san iniúchadh nó atá míthuairiscithe go bunúsach. Má aithnímid na cineáil neamhréireachtaí ábhartha sin nó na míthuairiscí ábhartha soiléire, tá sé de dhíth orainn a chinneadh cé acu a bhfuil míráiteas ábhartha ann sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha in aon fhaisnéis eile. Má chinnimid, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go bhfuil míthuairisc ábhartha ann san fhaisnéis seo, tá sé de dhíth orainn an fhíric sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis seo.

## Tuairimí ar chúrsaí eile arna leagan amach ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair amháin a rinneadh le linn an iniúchta, déanaimid an tuairisciú seo a leanas:

- inár dtuairim, tá an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais; agus
- inár dtuairim, ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir na riachtanas dlí infheidhme.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá ag teastáil chun críocha ár n-iniúchta.

Inár dtuairim, bhí cuntais chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach chun iniúchadh a cheadú ar na ráitis airgeadais go réidh agus go cuí, agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Cúrsaí a bhfuil sé de dhualgas orainn tuairisciú orthu de réir eisceachta

Bunaithe ar shaineolas agus tuiscint na cuideachta agus an timpeallacht a fuair sí le linn an iniúchta, níor aithníomar aon mhíthuairisc ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Tá sé de dhualgas orainn de réir Acht na gCuideachtaí 2014 tuairisciú duit más rud é, inár dtuairim, nach gcomhlíontar nochtadh luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí atá de dhíth ag ailt 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis seo.

## Freagrachtaí faoi seach

**Freagrachtaí na stiúrthóirí do na ráitis airgeadais**

Mar a mhínítear a thuilleadh i ráiteas na stiúrthóirí ar fhreagrachtaí, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhúchán na ráiteas airgeadais agus as bheith sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir, agus ar mhaithe leis an méid rialaithe inmheánaigh a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíthuairisc ábhartha, cé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta leanúint de bheith mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, mar is cuí, cúrsaí a bhaineann le gnóthas leantach agus bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, ach amháin má tá sé ar intinn ag an mbainistíocht an chuideachta a leachtú nó deireadh a chur le hoibríochtaí, nó mura bhfuil rogha eile aici ach an méid sin a dhéanamh.

## Freagrachtaí na n-iniúchóirí maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn ná cinnteacht réasúnta a fháil maidir le cé acu a bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomlán, saor ó mhíthuairisc ábhartha, cé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid, agus chun tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil ár dtuairim san áireamh. Is ionann cinnteacht réasúnta agus ardleibhéal cinnteachta, ach ní dhearbhaíonn sé go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna (Éire) míthuairisc ábhartha i gcónaí nuair atá míthuairisc ann. Is féidir le míthuairiscí teacht chun cinn ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn indibhidiúil nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna (Éire), cuirimid breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coinnímid sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Déanaimid an méid seo a leanas chomh maith:

- Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna (Éire), cuirimid breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coinnímid sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Déanaimid an méid seo a leanas chomh maith:
- Na rioscaí a bhaineann le míthuairisc ábhartha na ráiteas airgeadais a aithint agus a mheas, cé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid, nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a dhéanamh freagrúil do na rioscaí sin, agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus cuí chun bunús dár dtuairim a chur ar fáil. Tá an riosca a bhaineann le teip ar mhíthuairisc ábhartha a aimsiú atá mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a thagann chun cinn mar gheall ar earráid, mar is féidir le claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhainea leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach do na cúinsí, ach gan a bheith chun críocha tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtach an rialaithe inmheánaigh.
- Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht beartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtadh gaolmhar a rinne na stiúrthóirí.

- Deireadh a chur le hoiriúnacht úsáid na stiúrthóirí maidir le bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta, agus bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fuarthas, cé acu a bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas na cuideachta leanúint de bhonn gnóthais leantaigh. Má chinnimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé de dhíth orainn aird a tharraingt inár dtuarascáil iniúchóra ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, má tá na nochtuithe sin easnamhach, chun ár dtuairim a athrú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta na tuarascála iniúchóra. D'fhéadfadh, imeachtaí amach anseo deireadh a chur leis an gcuideachta a bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- An cur i láthair, struchtúr, agus ábhar na ráitis airgeadais a mheasúnú, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cé acu a léiríonn na ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaimid cumarsáid leo siúd a ngearrtar rialachas orthu maidir le, i measc cúrsaí eile, an scóip beartaithe agus am an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easpa suntasacha sa rialú inmheánach a aithnímid le linn ár n-iniúchta.

## Cuspóir na hoibre iniúchta agus dóibh a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlite

Déantar ár dtuarascáil do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár n-obair iniúchta ionas gur féidir linn na cúrsaí sin ba chóir dúinn a chur in iúl do chomhlachtaí na cuideachta i dtuarascáil iniúchóra agus gan aon chuspóir eile. Sa mhéid is féidir faoin dlí, ní ghlacaimid le freagracht as aon duine seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, dár n-obair iniúchta, don tuarascáil seo, nó ar mhaithe le tuairimí a d'fhorbraíomar.

***Robert Grogan FCA***
Ar son agus thar ceann
Grogan Ryan Chartered Accountants
Gnólacht Iniúchta Reachtúil
7 Cúirt Durand
Sráid Parnell
Port Láirge

## An cuntas ioncaim agus caiteachais An bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2024

| | Nóta | Bliain Dar críoch 31/12/24 € | Tréimhse dar críoch 31/12/23 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | **5** | **1,813,718** | **1,216,512** |
| Costas na ndíolachán | | (219,066) | (203,755) |
| | | | |
| **Ollbharrachas** | | **1,594,652** | **1,012,757** |
| Caiteachais riaracháin | | (1,446,728) | (811,102) |
| **Barrachas Oibriúcháin** | | **147,924** | **201,655** |
| **Barrachas roimh chánachas** | | **147,924** | **201,655** |
| Cáin ar bharrachas | | (18,490) | (25,612) |
| **Barrachas don Bhliain Airgeadais** | | **129,434** | **176,043** |

Níl aon earraí nó costais aitheanta ioncaim eile ag an gcuideachta, seachas torthaí na bliana airgeadais mar a leagtar amach thuas.

| | Bliain Dar críoch 31/12/24 € | Tréimhse dar críoch 31/12/23 € |
|---|---|---|
| **Barrachas don bhliain airgeadais** | **129,434** | **176,043** |
| **Tuilleamh coinnithe ag tús na bliana airgeadais** | **176,043** | **-** |
| **Tuilleamh coinnithe ag deireadh na bliana airgeadais** | **305,477** | **176,043** |

## Clár comhardaithe Amhail 31 Nollaig 2024

| | Notes | Bliain dar críoch 31/12/24 € | Tréimhse dar críoch 31/12/23 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 8 | 74,181 | 45,705 |
| | | **74,181** | **45,705** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 9 | 40,482 | 19,734 |
| Féichiúnaithe | 10 | 83,051 | 84,558 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 845,084 | 560,723 |
| | | **968,617** | **665,015** |
| **Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite** | | | |
| laistigh de bhliain amháin | 11 | (701,708) | (499,064) |
| **Glan-sócmhainní reatha** | | **266,909** | **165,951** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **341,090** | **211,656** |
| Glan-sócmhainní | | 341,090 | 211,656 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Cúlchistí caipitil agus maoiniú | | 35,613 | 35,613 |
| An cuntas ioncaim agus caiteachais | | 305,477 | 176,043 |
| **Maoiniú comhaltaí** | | **341,090** | **211,656** |

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na bhforálacha atá infheidhme do chuideachtaí faoi réir réimeas na gcuideachtaí beaga agus de réir Alt 1A de FRS 102 An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa RA agus Poblacht na hÉireann.

Faomhadh na ráitis airgeadais seo ag an mbord stiúrthóirí ar an 16 Meitheamh 2025 agus síníodh é thar ceann an bhoird ag:

**An Iníon Colette Byrne**
Stiúrthóir

**An tUasal John McCarthy**
Stiúrthóir

## 1. Eolas Ginearálta

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta arna corprú agus arna clárú in Éirinn. Is é 730718 uimhir chláraithe na cuideachta. Is é Teach Ghort na Feá, Campas Thiar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Cloch an Óir, Port Láirge, X91 PE03 oifig chláraithe na cuideachta, agus feidhmíonn sé mar phríomháit gnó na cuideachta. Tá cineál oibríochtaí na cuideachta agus a príomhghníomhaíochtaí leagtha amach i dTuarascáil na Stiúrthóirí. Cuirtear na ráitis airgeadais ar fáil in Euro (€)

## 2. Ráiteas comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir Alt 1A FRS 102, 'An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa RA agus Poblacht na hÉireann'.

## 3. Beartais chuntasaíochta agus bunúis tomhais

### Bunús ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbonn gnóthais leantaigh agus de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil seachas airíonna áirithe agus ionstraimí airgeadais a dhéantar a thomhas ag suimeanna athluacháilte nó luachanna córa, mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá an costas stairiúil bunaithe go ginearálta ar luach cóir na comaoine a thugtar mar chúiteamh ar shócmhainní. Ba é an creat um thuairisciú airgeadais atá curtha i bhfeidhm ina n-ullmhúchán ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa RA agus Poblacht na hÉireann, Alt 1A, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. Cáilíonn an chuideachta mar chuideachta bheag mar a shainmhínítear ag alt 280A d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir leis an tréimhse airgeadais, agus chuir sí rialacha 'Réimeas na gCuideachtaí Beaga' i bhfeidhm de réir alt 280 C d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus Alt 1A den FRS 102.

### Ioncam

**Seirbhísí a Sholáthar / Díol Earraí;**

Aithnítear láimhdeachas ó sholáthar seirbhísí nuair a chomhlíontar cúinsí na ngnáthdhualgas agus is é sin, go ginearálta, nuair a chuirtear na seirbhísí ar fáil/nuair atá na hearraí díolta.

**Sócmhainní isteach ón rialtas agus cómhaoinitheoirí eile;**

Aithnítear deontais ó dheontóirí rialtais agus institiúideacha mar ioncam nuair a dhéantar gníomhaíochtaí atá sé ar intinn acu maoiniú a thabhairt dóibh, an caiteachas gaolmhar tabhaithe agus tá cinnteacht réasúnta admhála ann.

Cuirtear ioncam atá dlite don chuideachta ó fhoinsí rialtais agus institiúideacha, ach nach bhfuil faighte ag deireadh na bliana san áireamh i bhféichiúnaithe i gclár comhardaithe agus taispeántar maoiniú a fuarthas cheana féin, ach nár úsáideadh go fóill i gcreidiúnaithe.

### Cánachas

Léiríonn an costas cánachais suim comhiomlán na cánach reatha agus iarchurtha a aithnítear sa tréimhse tuarascála. Aithnítear cáin sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach seachas sa mhéid go mbaineann sé le hearraí a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcaipiteal agus cúlchistí. Sa chás seo, aithnítear cáin in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcaipiteal agus cúlchistí, faoi seach.

Aithnítear cáin reatha ar bhrabús inchánach do na tréimhsí reatha agus roimhe seo. Déantar cáin reatha a thomhas ag suimeanna na cánach atáthar ag súil le híoc nó a fháil ar ais le húsáid a bhaint as rátaí agus dlíthe cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach ar an dáta tuairiscithe.

Aithnítear cáin iarchurtha maidir le gach difríocht ama ar an dáta tuairiscithe. Aithnítear caillteanais cánach gan faoiseamh agus sócmhainní cánach eile sa mhéid go bhfuil cosúlacht ar an scéal go bhfaighfear ar ais iad in aghaidh athrú iomlán na ndliteanas cánach iarchurtha nó brabúis inchánach eile amach anseo. Déantar cáin iarchurtha a thomhas le húsáid a bhaint as na rátaí agus dlíthe cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach roimh an dáta tuairiscithe atáthar ag súil go mbeidh feidhm acu maidir le hathrú iomlán na difríochta ama.

## Sócmhainní inláimhsithe

Déantar sócmhainní inláimhsithe a thaifeadadh ar dtús ag an gcostas agus, ina dhiaidh sin, déantar iad a lua ag an gcostas lúide aon dímheas carntha agus caillteanais laige. Leathanach 15 Déantar aon sócmhainní inláimhsithe a iompraítear ag suimeanna athluacháilte a thaifeadadh ag luach cóir ar dháta na hathluachála lúide aon dímheas carntha ina dhiaidh sin agus caillteanais laige carntha ina dhiaidh sin.

Aithnítear méadú ar shuim ghlanluacha sócmhainne mar thoradh ar athluacháil in ioncam cuimsitheach eile agus carntar é i gcaipiteal agus cúlchistí, seachas sa mhéid ina n-athraíonn sé laghdú athluacháilte ar an tsócmhainn céanna a aithníodh roimhe seo i mbrabús nó caillteanas. Aithnítear laghdú ar shuim ghlanluacha sócmhainne mar thoradh ar athluacháil in ioncam cuimsitheach eile sa mhéid céanna le haon mhéadú athluachála eile a aithníodh roimhe seo a carnadh i gcaipiteal nó cúlchistí maidir leis an tsócmhainn sin. Sa chás go sáraíonn laghdú ar athluacháil na gnóthachain athluachála a carnadh i gcaipiteal agus cúlchistí maidir leis an tsócmhainn sin, aithnítear an bharraíocht i mbrabús nó caillteanas.

## Dímheas

Déantar an dímheas a thomhas ionas gur féidir costas nó luacháil sócmhainne, lúide a luach iarmharach a dhíscríobh, thar shaol eacnamaíoch úsáideach na sócmhainne sin, mar seo a leanas:

- Daingneáin, fearais, agus trealamh 12.50% bonn líne dhíreach
- Má tá nod ann go bhfuil athrú suntasach ar an ráta dímheasa, saol úsáideach nó luach iarmharach na sócmhainní inláimhsithe, déantar athbhreithniú ar an dímheas chun na meastacháin nua a léiriú.
- luach iarmharach na sócmhainní inláimhsithe, déantar athbhreithniú ar an dímheas chun na meastacháin nua a léiriú.

## Laige

Déantar athbhreithniú ar tháscairí laige ar gach dáta tuairiscithe, agus déantar an tsuim in-aisghabhála a mheas nuair atá na táscairí sin ann. Nuair a sháraíonn an luach (tugtha) anonn an tsuim in-aisghabhála, cuirtear isteach ar an tsócmhainn dá réir sin. Déantar athbhreithniú ar laigí roimhe seo le haghaidh athraithe iomláin féideartha ar gach dáta tuairiscithe. Nuair nach bhfuil sé indéanta suim in-aisghabhála sócmhainne aonair a mheas, déantar meastachán de shuim in-aisghabhála an aonaid ginte airgid lena mbaineann an tsócmhainn. is é an t-aonad an grúpa sócmhainní inaitheanta is lú ina gcuimsítear an tsócmhainn agus a ghineann insreafaí airgid atá neamhspleách den chuid is mó ó na hinsreafaí airgid ó shócmhainní nó grúpaí sócmhainní eile.

## Stoic

Déantar stoic a thomhas ag an luach is ísle costas agus praghas díola measta lúide costais chun cur i gcrích agus díol. Áirítear leis an gcostas gach costas díola, costais athraithe agus costais eile a thabhaítear maidir leis na stoic a thabhairt chuig a n-áit agus cúinse láithreach.

## Ionstraimí airgeadais

Ní aithnítear sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais ach amháin nuair atá an chuideachta mar pháirtí le forálacha conartha na hionstraime.

Aithnítear ionstraimí airgeadais bunúsacha ar dtús ag an bpraghas idirbhirt, seachas nuair atá an socrúchán bunaithe ar idirbheart maoinithe, nuair a aithnítear é ag luach láithreach na n-íocaíochtaí amach anseo agus a thugtar lascaine dóibh ag ráta margaidh úis le haghaidh ionstraim fiachais comhchoiteann.

Déantar ionstraimí fiachais a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta.

Nuair a thrádáiltear go poiblí infheistíochtaí i scaireanna tosaíochta neamh-in-chomhshóite agus gnáth-scaireanna neamh-indíola nó scaireanna tosaíochta nó is féidir a luach cóir a thomhas go hiontaofa ar bhealach eile, déantar an infheistíocht a thomhas ina dhiaidh sin ag luach cóir le hathruithe ar luach cóir aitheanta i mbrabús nó caillteanas. Déantar gach infheistíocht eile ina dhiaidh sin a thomhas ag costas lúide laige.

Aithnítear ionstraimí airgeadais eile, lena n-áirítear díorthaigh, mar luach cóir ar dtús, seachas má iarchuirtear íocaíocht le haghaidh sócmhainne lasmuigh de ghnáththéarmaí gnó nó má mhaoinítear é ag ráta úis nár ráta margaidh é. Sa chás seo, déantar an tsócmhainn a thomhas ag luach láithreach na n-íocaíochtaí amach anseo a thugtar lascaine dóibh ag ráta margaidh úis le haghaidh ionstraime fiachais comhchoiteann.

Déantar ionstraimí airgeadais eile a thomhas ina dhiaidh sin ag luach cóir, agus aithnítear aon athruithe i mbrabús nó caillteanas, lasmuigh d'ionstraimí fálaithe i gcaidreamh fálaithe ainmnithe.

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní airgeadais a thomhaistear ag costas nó costas amúchta le haghaidh fianaise oibiachtúil laige ag deireadh gach dáta tuairiscithe. Má tá fianaise oibiachtúil laige ann, aithnítear láithreach caillteanas laige i mbrabús nó caillteanas.

Maidir le gach ionstraim chothromais beag beann ar thábhacht, agus sócmhainní airgeadais eile atá tábhachtach ina n-aonar, déantar iad seo a mheas ina n-aonar le haghaidh laige. Déantar sócmhainní airgeadais eile a mheas ina n-aonar nó mar ghrúpa bunaithe ar ghnéithe riosca creidmheasa comhchoiteanna.

Aithnítear láithreach aon athrú ar laige i mbrabús agus caillteanas, sa mhéid nach mbíonn suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais a sháraíonn an méid a bheadh sa tsuim ghlanluacha más rud é nár aithníodh an laige roimhe sin, mar thoradh ar an athrú.

### Pleananna sainithe ranníocaíochta

Aithnítear ranníocaíochtaí le pleananna sainithe ranníocaíochta mar chostas sa tréimhse ina chuirtear an tseirbhís ghaolmhar ar fáil. Aithnítear ranníocaíochtaí réamh-íoctha mar shócmhainn sa mhéid go mbeidh laghdú ar íocaíochtaí amach anseo nó ar aisíoc airgid.

Nuair nach bhfuiltear ag súil go n-íoctar ranníocaíochtaí ar an iomlán laistigh de 12 mhí ag deireadh an dáta tuairiscithe ina gcuireann fostaithe an tseirbhís ghaolmhar ar fáil, déantar an dliteanas a thomhas ar bhonn luacha láithrigh lascaine. Aithnítear scaoileadh na lascaine i gcostais airgeadais i mbrabús nó caillteanas sa tréimhse ina dtagann sé chun cinn.

### Trádáil agus féichiúnaithe eile

Trade and other debtors are initially recognised at fair value and thereafter stated at a mortised cost using the effective interest method less impairment losses for bad and doubtful debts except where the effect of discounting would be immaterial. In such cases the receivables are stated at cost less impairment losses for bad and doubtful debts

### Trádáil agus Creidiúnaithe eile

Aithnítear trádáil agus féichiúnaithe eile ar dtús ag luach cóir agus ina dhiaidh sin, luaitear iad ag costas amúchta le húsáid a bhaint as an modh úis éifeachtach lúide caillteanais laige le haghaidh drochfhiachas agus fiachas amhrasach, seachas nuair a bheadh éifeacht na lascaine neamhábhartha. Sna cásanna sin, luaitear na hinfháltais ag costas lúide laige le haghaidh drochfhiachas agus fiachas amhrasach

## 4. Faoi theorainn ráthaíochta

Tá Dliteanas na gcomhaltaí faoi theorainn. Glacann gach comhalta le ranníocaíocht a chur le sócmhainní na cuideachta sa chás go gcuirtear deireadh leis agus iad mar chomhaltaí, nó laistigh de thréimhse airgeadais amháin ina dhiaidh sin, maidir le fiachais agus dliteanais na cuideachta a íoc a ndearnadh conradh ina leith sular stop siad a bheith ag feidhmiú mar chomhaltaí, agus maidir leis na costais agus táillí a bhaineann le deireadh a chur léi, agus oiriúnú chearta na ndeontóirí ina measc, cibé suim is gá, nach mó ná €1.

## 5. Láimhdeachas

Tagann iomlán an láimhdeachais ó Éirinn. Tugtar anailís ar láimhdeachas de réir oibríochta gnó thíos:

| | Bliain dar críoch 31/12/24 | Tréimhse dar críoch 31/12/23 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Foilseacháin | 59,693 | 60,336 |
| Ceardlanna | 2,147 | 7,622 |
| Ioncam Deontais an Rialtais | 1,697,878 | 1,128,554 |
| Ioncam Eile | 54,000 | 20,000 |
| | **1,813,718** | **1,216,512** |

## 6. Costais na foirne

B'ionann meán-líon na ndaoine a bhí fostaithe ag an gcuideachta le linn na bliana airgeadais agus 18 (2023: 14). Thuill beirt fostaithe tuarastal bliantúil de idir €70,000 - €80,000 agus thuill fostaí amháin tuarastal bliantúil de idir €90,000 - €100,000.

B'ionann costais párolla chomhiomlána a tabhaíodh le linn na bliana airgeadais agus:

| | Bliain dar críoch 31/12/24 | Tréimhse dar críoch 31/12/23 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Pá agus tuarastail | 825,218 | 493,240 |
| Costais árachais shóisialta | 88,755 | 54,297 |
| Costais sochair scoir eile | 39,881 | 25,267 |
| | **953,854** | **572,804** |

## 7. Leithreasaí an chuntais ioncaim agus caiteachais

| | Bliain dar críoch 31/12/24 | Tréimhse dar críoch 31/12/23 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ag tús na bliana airgeadais | 176,043 | - |
| Barrachas don bhliain airgeadais | 129,434 | 176,043 |
| **Ag deireadh na bliana airgeadais** | **305,477** | **176,043** |

## 8. Sócmhainní inláimhsithe

| | Daingneáin, fearais agus trealamh | Iomlán |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Costas** | | |
| Amhail 1 Eanáir 2024 | 48,594 | 48,594 |
| Breiseanna | 40,786 | 40,786 |
| Diúscairtí | (5,206) | (5,206) |
| **Amhail 31 Nollaig 2024** | **84,174** | **84,174** |
| **Dímheas** | | |
| Amhail 1 Eanáir 2024 | 2,889 | 2,889 |
| Barrachas don bhliain airgeadais | 7,104 | 7,104 |
| **Amhail 31 Nollaig 2024** | **9,993** | **9,993** |
| **Suim ghlanluacha** | | |
| Amhail 31 Nollaig 2024 | 74,181 | 74,181 |
| **Amhail 31 Nollaig 2024** | **45,705** | **45,705** |

## 9. Stoic

| | 31/12/24 | 31/12/23 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Earraí críochnaithe agus earraí le athdhíol** | **40,482** | **19,734** |

## 10. Féichiúnaithe

| | 31/12/24 | 31/12/23 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Féichiúnaithe trádála | 14,036 | - |
| Féichiúnaithe eile | 52,556 | 73,109 |
| Réamhíocaíochtaí | 16,459 | 11,449 |
| | **83,051** | **84,558** |

## 11. Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

| | 31/12/24 | 31/12/23 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Amounts owed to credit institutions | 1,856 | - |
| Trade creditors | 48,185 | 45,125 |
| Other creditors | 624,382 | 405,002 |
| PAYE and social welfare | 26,353 | 17,125 |
| Corporation tax | (17,054) | 19,387 |
| Accruals | 17,986 | 12,425 |
| | **701,708** | **499,064** |

## 12. Nochtadh Caighdeán Eiticiúil an Iniúchóra – Forálacha atá ar fáil d'Eintitis Bheaga

Mar an gcéanna le go leor gnólachtaí eile dár méid agus dár gcineál, úsáidimid ár n-iniúchóirí chun tuairisceáin chánach a ullmhú agus a chur isteach faoi bhráid Ioncaim agus chun cabhrú le hullmhúchán na ráiteas airgeadais.

## 13. Cur i Láthair Imeacht ó Acht na gCuideachtaí 2014

Roghnaigh na stiúrthóirí Cuntas Ioncaim agus Caiteachais a chur i láthair seachas Cuntas Brabúis agus Caillteanais sna ráitis airgeadais seo, mar is eintiteas seachbhrabúsach í an chuideachta seo.

## 14. Leas Urlámhais

Meastar go bhfuil an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta mar an páirtí leasa urlámhais deiridh. Tharmlig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maoirseacht na cuideachta don Chomhairle Oidhreachta. Meastar gurb iad stiúrthóirí na cuideachta úinéirí tairbhiúla Chláraitheoir na n-Úinéirí Tairbhiúla agus iad mar oifigigh shinsearacha bainistíochta.

## 15. Imeachtaí Iar-Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha a ndeachaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana airgeadais.

## 16. Nochtadh Deontas an Rialtais - De réir an Chiorcláin 17/10 don bhliain 31/12/24

| Ainm na Gníomhaireachta | Ainm an Deontais | Cuspóir | Caipiteal | Dáta a Fuarthas | An Méid a Bronnadh Méid a tógadh mar Ioncam sa bhliain 2024 | An Méid |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | € | € |
| An Chomhairle Oidhreachta | Bunmhaoiniú | Pá agus Riarachán Ginearálta | Níl | Iomadúil | 1,099,992 | 1,099,992 |
| Bord Bia | Oifigeach Gnó Talmhaíochta | Soláthar Seirbhíse | Níl | Iomadúil | 39,000 | 39,000 |
| Cedar | Ladybirds of Ireland | Soláthar Seirbhíse | Níl | Iomadúil | 10,000 | 9,050 |
| DAFM | Farmland Pollinator Officer | Soláthar Seirbhíse | Níl | Samhain 24 | 66,033 | 60,963 |
| DAFM | Oifigeach Pailneoirí Talún Feirme | Soláthar Seirbhíse | Níl | Samhain 24 | 81,219 | 77,804 |
| DAFM | Monatóireacht Náisiúnta ar Phailneoirí | Soláthar Seirbhíse | Níl | Samhain 24 | 15,000 | 11,918 |
| DAFM | Scéim Uile-Éireann um Pailneoirí | Soláthar Seirbhíse | Níl | Samhain 24 | 64,009 | 52,715 |
| GCC | Eolaíocht Saoránach arna maoiniú ag an GCC Oifigeach | Soláthar Seirbhíse | Níl | Iomadúil | 59,068 | 58,846 |
| GCC | Fiosraigh Do Chladach! tionscadal | Soláthar Seirbhíse | Níl | Iomadúil | 3,044 | 2,512 |
| GCC | Snáthaidí Móra Éireann Tionscadal | Soláthar Seirbhíse | Níl | Iomadúil | 1,055 | 1,055 |
| Músaeim Náisiúnta TÉ | Tionscadal Snáthaidí Móra Éireann / Ladybirds of Ireland | Soláthar Seirbhíse | Níl | Márta 24 | 5,000 | 3,800 |
| NIEA | Oileán Comhroinnte NIEA Speicis Ionracha | Soláthar Seirbhíse | Níl | Feabhra 24 | 58,542 | - |
| NPWS | Pailneoir Pobail Oifigeach Plean | Soláthar Seirbhíse | Níl | Samhain 24 | 13,110 | 13,110 |
| NPWS | Oifigeach Rannpháirtíochta agus Pobal | Soláthar Seirbhíse | Níl | Meán Fómhai 24 | 29,126 | 29,126 |
| NPWS | Scéim Náisiúnta Monatóireachta ar Phailneoirí | Soláthar Seirbhíse | Níl | Nollaig 24 | 60,204 | 56,789 |
| NPWS | Speicis Ionracha Oifigeach Rannpháirtíochta | Soláthar Seirbhíse | Níl | Iomadúil | 18,203 | 18,203 |
| NPWS | Tionscadal Snáthaidí Móra Éireann – suirbhéanna ar láithreáin (NPWS) | Soláthar Seirbhíse | Níl | Iomadúil | 10,000 | 10,000 |
| NPWS | Eolaíocht Saoránach Neamhchoitianta Monatóireacht ar Phlandaí | Soláthar Seirbhíse | Níl | Samhain 24 | 3,688 | 3,688 |
| NPWS | Acmhainní um Speicis Ionracha | Soláthar Seirbhíse | Níl | Samhain 24 | 5,221 | 5,221 |
| NPWS | Aicmiú Fhásra na hÉireann | Soláthar Seirbhíse | Níl | Nollaig 24 | 2,000 | 1,974 |
| NPWS | Oileán Comhroinnte NPWS Speicis Ionracha | Soláthar Seirbhíse | Níl | Samhain 24 | 250,000 | - |
| NPWS | Ionrach Mara Oifigeach Speiceas | Soláthar Seirbhíse | Níl | Nollaig 24 | 32,190 | 32,107 |

Téarma: Ar bhonn bliantúil a bhí téarmaí na nDeontas Gníomhaireachta uile a bronnadh thuas.

*Baineann acrainmneacha na Gníomhaireachta a úsáideadh leis na heintitis seo a leanas*

DAFM - An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
GCC - An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
NIEA - An Ghníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann
NPWS - An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

## 17. Réiteach an Ioncaim Deontais a tógadh sa bhliain go hAirgead a Fuarthas

| Ainm an Deontóra | Ainm an Deontais | Cuspóir | Méid a Tógadh mar Ioncam 2024 | Airgead Tirim a Fuarthas 2024 | Iarchurtha Ioncam | Caiteachas |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | € | € | € | € |
| An Chomhairle Oidhreachta | Bunmhaoiniú | Pá agus Ginearálta Riarachán | 1,099,992 | 1,099,992 | - | 1,099,992 |
| Bord Bia | Oifigeach Gnó Talmhaíochta | Soláthar Seirbhíse | 39,000 | 39,000 | - | 39,000 |
| Cedar | Ladybirds of Ireland | Soláthar Seirbhíse | 9,050 | 10,000 | 950 | 9,050 |
| DAFM | Talamh Feirme Oifigeach Pailneoirí | Soláthar Seirbhíse | 60,963 | 66,033 | 5,070 | 60,963 |
| DAFM | Pailneoir Náisiúnta Scéim Monatóireachta | Soláthar Seirbhíse | 77,804 | 81,219 | 3,415 | 77,804 |
| DAFM | Uile-Éireann um Pailneoirí Acmhainní an Phlean | Soláthar Seirbhíse | 11,917 | 15,000 | 3,083 | 11,917 |
| DAFM | Feirmeoir Leamhain Monatóireacht | Soláthar Seirbhíse | 52,715 | 64,009 | 11,294 | 52,715 |
| GCC | Saoránach arna maoiniú ag an GCC Oifigeach Eolaíochta | Soláthar Seirbhíse | 58,846 | 59,068 | 222 | 58,846 |
| GCC | Fiosraigh Do Chladach! tionscadal | Soláthar Seirbhíse | 2,512 | 3,044 | 532 | 2,512 |
| GCC | Snáthaidí Móra Éireann Tionscadal | Soláthar Seirbhíse | 1,055 | 1,055 | - | 1,055 |
| Músaeim Náisiúnta | TÉ Snáthaidí Móra Éireann Tionscadal / Ladybirds of Ireland | Soláthar Seirbhíse | 3,800 | 5,000 | 1,200 | 3,800 |
| NIEA | Oileán Comhroinnte NIEA Speicis Ionracha | Soláthar Seirbhíse | - | 58,542 | 58,542 | - |
| NPWS | Pobail Áitiúla Plean um Pailneoirí Oifigeach | Soláthar Seirbhíse | 13,110 | 13,110 | - | 13,110 |
| NPWS | Oifigeach Rannpháirtíochta agus Pobal | Soláthar Seirbhíse | 29,126 | 29,126 | - | 29,126 |
| NPWS | Pailneoir Náisiúnta Scéim Monatóireachta | Soláthar Seirbhíse | 56,789 | 60,204 | 3,415 | 56,789 |
| NPWS | Speicis Ionracha Oifigeach Rannpháirtíochta | Soláthar Seirbhíse | 18,203 | 18,203 | - | 18,203 |
| NPWS | Snáthaidí Móra Éireann Tionscadal - suirbhéanna ar láithreáin (NPWS) | Soláthar Seirbhíse | 10,000 | 10,000 | - | 10,000 |
| NPWS | Eolaíocht Saoránach Neamhchoitianta Monatóireacht ar Phlandaí | Soláthar Seirbhíse | 3,688 | 3,688 | - | 3,688 |
| NPWS | Speicis Ionracha Acmhainní | Soláthar Seirbhíse | 5,221 | 5,221 | - | 5,221 |
| NPWS | Fásra na hÉireann Aicmiú | Soláthar Seirbhíse | 1,974 | 2,000 | 26 | 1,974 |
| NPWS | Oileán Comhroinnte NPWS Speicis Ionracha | Soláthar Seirbhíse | - | 250,000 | 250,000 | - |
| NPWS | Ionrach Mara Oifigeach Speiceas | Soláthar Seirbhíse | 32,107 | 32,190 | 83 | 32,107 |

## 18. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an bord stiúrthóirí na ráitis airgeadais seo le heisiúint ar an 16 Meitheamh 2025.

## Níl na leathanaigh a leanas mar chuid de na cuntais reachtúla.

| | € | € |
|---|---:|---:|
| **Láimhdeachas** | | |
| Díolachán | 1,813,718 | 1,216,512 |
| | **1,813,718** | **1,216,512** |
| **Costas na ndíolachán** | | |
| Stoc tosaigh | (19,734) | - |
| Ceannacháin | (57,578) | (21,935) |
| Costais dhíreacha | (182,236) | (201,554) |
| | **(259,548)** | **(223,489)** |
| Stoc ar deireadh | 40,482 | 19,734 |
| | **(219,066)** | **(203,755)** |
| **Brabús comhlán** | **1,594,652** | **1,012,757** |
| **Céatadán den bhrabús comhlán** | **87.9%** | **83.3%** |
| **Forchostais agus Caiteachais riaracháin** | | |
| Pá agus tuarastail | (825,218) | (493,240) |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC an Fhostóra | (88,755) | (54,297) |
| Costais phinsin foirne - ranníocaíocht shainithe | (39,881) | (25,267) |
| Oiliúint foirne | (12,442) | (4,988) |
| Úsáid Áitribh | (7,356) | (10,674) |
| Árachas | (10,495) | (4,400) |
| Glantachán | (7,093) | (7,047) |
| Deisiúcháin agus cothabháil | - | (150) |
| Priontáil, postas agus páipéarachas | (8,710) | (8,828) |
| Teileafón | (10,776) | (4,113) |
| Costais ríomhaire | (169,436) | (77,733) |
| Trealamh ar cíos | (2,369) | (2,413) |
| Costais mhótair | (53,617) | (46,355) |
| Costais iasachta | (62,302) | - |
| Dlíthiúil agus gairmiúil | (61,627) | (45,661) |
| Seirbhísí AD | (13,477) | (2,231) |
| Seirbhísí Earcaíochta | (46,950) | - |
| Luach saothair iniúchóirí | (11,220) | (6,000) |
| Táillí bainc | (1,426) | (1,435) |
| Costais ghinearálta | (980) | (9,317) |
| Síntiúis | (288) | (4,064) |
| Dímheas na sócmhainní inláimhsithe | (7,104) | (2,889) |
| Gnóthachan/caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | (5,206) | - |
| | **(1,446,728)** | **(811,102)** |
| **Brabús oibriúcháin** | **147,924** | **201,655** |
| **Céatadán den bhrabús oibriúcháin** | **8.2%** | **16.6%** |
| **Brabús roimh chánachas** | **147,924** | **201,655** |

*Tá an tIonad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta bunaithe ag Teach Beechfield, campas Thiar SETU, Cloch an Óir, Port Láirge. Tá 21 fostaí ag an Ionad, agus Dr Liam Lysaght mar Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.*

Is é príomhról an tIonaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, mar atá leagtha amach ina Bhunreacht, sonraí maidir le bithéagsúlacht na hÉireann a fháil, a chur i dtoll a chéile, a bhainistiú, a bhailíochtú agus a chur ar fáil chun acmhainní fiadhúlra a thaifeadadh agus chun monatóireacht agus taifead a dhéanamh ar athruithe thar ama. Agus ag scaoileadh leis an ról sin, tá sé mar aidhm ag an Ionad tacú le tionscnaimh náisiúnta chun inbhuanaitheacht a choinneáil agus a fheabhsú, lena n-áirítear speiceas agus eolas gnáthóige a thaifeadadh a bhaineann le timpeallachtaí trastíre, fonnuisce, mara agus bogaigh.

Is é seo céad Phlean Stráiséasach an tIonad, ag leagtha amach ar leibhéal ard cad a iarann sé cuir i gcrích ag soláthair a mhandáid don tréimhse 2024-2028. Tacfaidh An Plean Stráitéiseach le phlean feidhmiú níos mionsonraithe, agus tuairiscfear an dul chun cinn sna Tuairiscí Bhliaintiúl an tIonad.

Is é an tIonad Naisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta an Nód Éireannach don Áis Domhanda Fáisnéis Bithéagsúlachta (GBIF).

GBIF Global Biodiversity Information Facility

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage